Oifig an
Rialaitheora Pleanála

Office of the
Planning Regulator

# Tuarascáil Bhliantúil 2025








# Dearbhú

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ('an tAire') agus do Thithe an Oireachtais i gcomhréir le halt 565 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2025, agus a tháinig in ionad alt 31AH den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.



An Cladach, Contae na Gaillimhe

**Nótaí**

Ó thús deireadh an doiciméid seo:

Déantar tagairt don 'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024' mar 'an tAcht'.

Déantar tagairt don 'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000' mar 'Acht 2000'.

Déantar foráil i gcuid 17, alt 495(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 go bhforléireofar tagairtí a dhéanfar don Bhord Pleanála in aon achtú, imeachtaí dlí nó doiciméad, ar thosach feidhme na coda seo agus dá éis, mar thagairtí don Choimisiún Pleanála. Léirítear é sin sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

# Clár

**Sracfhéachaint ar 2025** **2**

**Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála** **3**

**1. Cad a Dhéanaimid** **5**

1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla 6

1.2 Ár Struchtúr 8

1.3 Ár Straitéis 9

**2. Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla** **11**

2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla 12

2.2 Aighneachtaí OPR 16

2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh 21

2.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha 26

**3. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála** **28**

3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil 29

3.2 Cur chun feidhm Athbhreithniú an Choimisiúin Pleanála, 2022 33

3.3 Athbhreithniú Téamach - Forfheidhmiú Pleanála agus Baint Móna 34

3.4 Grúpa Oibre um Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht 34

3.5 Láimhseáil Cásanna 35

3.6 Scrúdú ar Ghearáin 40

3.7 Samplaí deChás-staidéir 41

**4. Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail** **45**

4.1 Oideachas agus Oiliúint 46

4.2 Taighde 51

4.3 Cumarsáid agus Anailís Sonraí 57

**5. Gnóthaí Corparáideacha** **58**

5.1 Ag Tógáil na hEagraíochta i gCónaí 59

5.2 Rialachas 61

5.3 Faisnéis Airgeadais 66

**Faisnéis faoin bhFoireann** **68**

**Liosta Acrainmneacha** **70**

# Sracfhéachaint ar 2025

## Aighneachtaí maidir le hUllmhú na bPleananna Reachtúla

**54** **aighneacht maidir leis an bplean reachtúil údaráis áitiúil a ullmhaíodh, lenar cuimsíodh:**

**94** moladh agus **41** tuairim a eisíodh maidir le haighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla, lenar cuimsíodh:

**66** moladh maidir le hathruithe ar phleananna forbartha cathrach/contae (CDPanna) agus/nó pleananna ceantair áitiúil (LAPanna)

**28** moladh a rinneadh maidir le CDPanna agus/nó CDPanna

## Measúnú ar Phleananna a Glacadh

**30** **measúnú ar phleananna reachtúla a glacadh, lenar cuimsíodh:**

**41** moladh a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le dréacht-Treoracha beartaithe

**5** mholadh a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le Treoracha deiridh beartaithe

## Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

**1** **phróiseas athbhreithnithe a tugadh chun críche** (Comhairle Contae Ros Comáin)

**2** **phróiseas athbhreithnithe tionscanta** (Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comhairle Contae an Longfoirt)

## Láimhseáil Cásanna

**252** **cás oscailte**

**33** **réamhscrúdú déanta**

**5** **ghearán ar seasadh leo**

## Gníomhaíocht Taighde, Oiliúna agus um Fheasacht an Phobail

**640** **comhalta tofa a chláraigh le haghaidh oiliúna in 2025**

**826** **ball foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh oiliúna in 2025**

**4** **eagrán den fheasachán nua dlí 'Foghlaim ón Dlíthíocht' (Learning from Litigation) foilsithe**

**3** **thuarascáil taighde foilsithe**

Ba iad sin Páipéar Cás-Staidéir ar Chairéil, Plean Forbartha an Údarás Áitiúil agus dhá thuarascáil ar Chostais Dlí in Athbhreithnithe Breithiúnacha Pleanála agus Comhshaoil



# Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála

**Niall Cussen,** Rialaitheoir Pleanála

**Leagtar obair Oifig an Rialaitheora Pleanála amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024. Tá ár gcuid oibre ríthábhachtach chun córas pleanála na hÉireann a fheabhsú agus a chuíchóiriú go leanúnach, rud atá riachtanach chun gníomhaíochtaí um sholáthar tithíochta, comhordú bonneagair, infheistíocht, agus aeráid a bhaint amach.**

## Maoirseacht ar Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Feidhmíonn na measúnuithe neamhspleácha a dhéanaimid ar phleananna na n-údarás áitiúil mar bheart coimirce tábhachtach, agus cinntíonn siad go mbíonn beartas pleanála ar an leibhéal áitiúil ag tacú le haidhmeanna straitéiseacha bheartas pleanála an Rialtais, go ginearálta, ionas go n-oibríonn an córas foriomlán go comhsheasmhach.

D'ullmhaíomar 54 aighneacht faoi cháipéisíocht fhairsing a bhain le tuairimí 41 phlean le húdaráis áitiúla éagsúla. Thugamar raon leathan doiciméad beartas de chuid an Rialtais ar aird, lena n-áirítear an chéad leasú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála agus na treoirlínte gaolmhara ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi na Riachtanais Fáis Tithíochta.

Mar thoradh ar ár measúnuithe, rinneamar 94 moladh, agus tugadh aghaidh ar an gcuid is mó díobh. Rinneamar moltaí don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i ndáil le cúig phlean, maidir le treoracha reachtúla chuig údaráis áitiúla a bheith á n-úsáid acu ionas go mbeadh a bpleananna ag teacht níos mó le beartais an Rialtais.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht Feidhmeanna Pleanála

Mar thoradh ar ár sainchúram maidir le breithniú a dhéanamh ar na córais agus nósanna imeachta a úsáideann údaráis phleanála, rinneadh 33 réamhscrúdú agus seasadh le cúig ghearán. Rinneamar athbhreithniú ar fheidhmeanna pleanála Chomhairle Contae Ros Comáin freisin, agus, mar chuid dár gclár náisiúnta athbhreithnithe, chuireamar tús le hathbhreithnithe ar fheidhmeanna pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Contae an Longfoirt.

## Cur i bhFeidhm an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Cuireadh tús ceart le cur i bhfeidhm an Achta Pleanála 2024 le linn 2025, agus mar thoradh air sin rinneadh clár oiliúna ar an láthair nach bhfacthas riamh cheana do bhaill foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach maidir le hoibriú na gcóras nua agus leasaithe. Ghlac an OPR ról ceannasach chun an oiliúint a eagrú agus a sholáthar, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach.

## Taighde, Oiliúint agus Feasacht an Phobail

Reáchtálamar naoi n-imeacht oiliúna ar an láthair faoin Acht Pleanála, 2024 agus d'fhreastail os cionn 800 duine cláraithe orthu. Leanamar lenár gclár d'imeachtaí oiliúna do chomhaltaí tofa áitiúla, clár a mbíonn an-tóir air. Cuireadh na himeachtaí oiliúna i láthair i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann agus d'fhreastail 640 duine cláraithe orthu.

Rinneamar dul chun cinn ar an obair faoinár gclár taighde pleanála le linn na bliana agus phléamar le cúrsaí tráthúla amhail anailís ar chostais dlí i ndlíthíocht pleanála in Éirinn i gcomparáid le stáit eile san AE, agus cairéil agus plean forbartha an údaráis áitiúil. Leanamar orainn ag foilsiú doiciméad tábhachtach, mar shampla an tsraith "foghlaim ón dlíthíocht" (learning from litigation), a choinníonn cleachtóirí pleanála agus páirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi réimse an chásdlí pleanála ina ngluaiseann cúrsaí ar aghaidh go mear.

Níorbh fhéidir leis an OPR a chuid oibre a dhéanamh gan an tacaíocht ón Aire James Browne T.D. agus ón Aire Stáit, John Cummins T.D., agus ó na hoifigigh sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is mór againn gur ghlac na hAirí an t-am chun bualadh le baill foirne OPR inár n-oifigí i dTeach na Páirce chun Tuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite a sheoladh agus chun plé a dhéanamh ar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun maidir le cúrsaí pleanála a athchóiriú agus a chuíchóiriú chun borradh a chur faoi aschur tithíochta agus soláthar bonneagair faoi stiúir pleananna. Is tosaíochtaí ollmhóra don OPR freisin é cuidiú leis an Rialtas an méid sin a bhaint amach in 2026.



**Niall Cussen**
Rialaitheoir Pleanála

# 1 Cad a Dhéanaimid

- **Ár bhFreagrachtaí Reachtúla**
- **Ár Struchtúr**
- **Ár Straitéis**



Cathair Luimnigh, Contae Luimnigh

**Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin ar Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála ('Binse Mahon').**

Ceann de phríomh-mholtaí Bhinse Mahon ba ea Rialaitheoir Pleanála neamhspleách a cheapadh, a mbeadh an chumhacht acu maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn.

Cé nach comhlacht cinnteoireachta é, is é ról an OPR a chinntiú go dtacaíonn údaráis áitiúla agus an Coimisiún Pleanála (ACP) le beartas an Rialtais agus ceanglais reachtúla agus iad ag cur beartas pleanála agus ceanglais reachtúla i bhfeidhm.

Cuimsíonn ról OPR freisin forbairt agus cur i bhfeidhm clár cuimsitheach taighde pleanála, oiliúna agus feasachta poiblí chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a chur chun cinn agus chun cur le heolas an phobail faoin bpleanáil in Éirinn.

## 1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla

Tugann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 arna leasú ('an tAcht') bonn reachtúil do OPR chun trí phríomhfheidhm a chomhlíonadh, ó cuireadh tús leis an 31 Nollaig 2025.

Ní mór a thabhairt faoi deara, le linn na tréimhse dá dtagraítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, go raibh OPR ag feidhmiú faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú ('Acht 2000') mura sonraítear a mhalairt, agus a bhí i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2025 nuair a tháinig an tAcht ina ionad.

Tagraíonn formhór na dtagairtí dár bhfreagrachtaí reachtúla sa tuarascáil seo d'Acht 2000, mura sonraítear a mhalairt, ós rud é gurbh é sin an reachtaíocht a bhí i bhfeidhm le linn oibriúchán na tréimhse 2024:

### i. Meastóireacht ar Phleananna Reachtúla

I gcomhréir le hailt 31AM agus 31AO d'Acht 2000, a bhí i bhfeidhm le linn 2024, bhí OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach réamhphleanáil reachtúil lena chinntiú go ndéantar foráil sa phlean maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.

Áiríodh leis sin measúnú a dhéanamh ar Phleananna Forbartha Cathrach agus Contae (CDPanna), Pleananna Ceantair Áitiúil (LAPanna) agus Athruithe/ Leasuithe ar na pleananna sin.

Faoi Acht 2000, chuir OPR tuairimí agus/nó moltaí ar fáil don údarás áitiúil ábhartha ar dtús maidir le conas ba cheart aghaidh a thabhairt ar chúrsaí reachtacha agus beartais sa phleanáil.

Nuair a bhí ionchuir reachtúla curtha ar fáil ag OPR don phróiseas déanta pleananna, leag an t-údarás áitiúil ábhartha a leagan amach conas a thabharfar aghaidh ar ionchuir den sórt sin, agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair á gcur san áireamh.

Mura raibh plean a glacadh ag teacht le haon mholtaí reachtúla ina dhiaidh sin, féadfaidh OPR fógra a eisiúint chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag moladh go n-úsáidfear cumhachtaí Treorach, a shonraítear faoi alt 31 d'Acht 2000, chun iallach a chur ar an údarás pleanála aghaidh a thabhairt ar an gceist.

### ii. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

I gcomhréir le hailt 31AS agus 31AT d'Acht 2000, féadfaidh OPR athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus ACP i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna pleanála d'fhonn moltaí neamhspleácha, bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, lena n-áirítear moltaí a chur faoi bhráid an Aire más gá.

Faoi alt 31AU d'Acht 2000, féadfaidh OPR gearáin ón bpobal a fháil agus a iniúchadh, nó má iarrann an tAire é, faoi údarás áitiúil i gcás ina mbaineann an gearán le heagrú foriomlán an údaráis áitiúil agus na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích faoin Acht.[1]

### iii. Oideachas, Oiliúint agus Taighde

I gcomhréir le halt 31Q d'Acht 2000, tá OPR freagrach as taighde, oideachas agus oiliúint náisiúnta a chur chun cinn le haird a tharraingt ar ról agus ar thairbhe na dea-phleanála. Cuirimid cláir oideachais agus oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach araon.

Cuidíonn an fheidhm oideachais, oiliúna agus taighde chun uasmhéadú a dhéanamh ar aistriú eolais idir an 31 údarás áitiúil, na trí thionól réigiúnacha, ACP agus páirtithe leasmhara níos leithne amhail comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa agus, ar an gcaoi sin, uasmhéadaítear éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht ar fud an chórais pleanála.





**Fíor 1** | Trí Phríomhfheidhm OPR

[1] A thabhairt ar aird go bhféadfaidh OPR, tar éis thosach feidhme an Achta, iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin maidir le ACP agus na tionóil réigiúnacha freisin, ach níorbh amhlaidh an cás don tréimhse ama a chumhdaítear leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

## 1.2 Ár Struchtúr

Tá OPR struchtúrtha i gceithre fhoireann, ag teacht leis na trí fheidhm reachtúla agus lena n-áirítear an cnámh droma corparáideach.




**Fíor 2** | Struchtúr Corparáideach agus Léarscáil Feidhmeanna OPR

## 1.3 Ár Straitéis

Cuireadh síneadh le Ráiteas Straitéise OPR a chuimsigh an tréimhse 2019-2024 ar feitheamh thosach feidhme Acht 2024. Ullmhófar ráiteas straitéise nua chun ár ról méadaithe faoi fhorálacha an Achta a léiriú.

### Fís

Is é fís OPR, faoi dheireadh thréimhse an Ráitis Straitéise,* go mbeidh OPR in ann a rá:

***"Go ndéanann ordlathas dea-chomhordaithe pleanála tairbhe d'Éirinn agus go bhfuil clár oideachais, oiliúna agus taighde ar chúrsaí pleanála atá leathan, éifeachtach agus a bhfuil glacadh maith leis curtha i bhfeidhm agus go gcruthófar cultúr feabhsúcháin leanúnaigh in údaráis phleanála a spreagfar trí athbhreithnithe tráthrialta ar a bhfeidhmíocht."***

### Ár Luachanna

- **Neamhspleáchas**
- **Gairmiúlacht**
- **Trédhearcacht**
- **Rannpháirtíocht**
- **Fócas ar Chustaiméirí**

* Cuireadh síneadh le Ráiteas Straitéise OPR, ar fheitheamh thosach feidhme an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2024.

**Fíor 3** | Fís agus Luachanna OPR

## Príomhpháirtithe Leasmhara

Is croíluach í rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, croíluach a bheidh ríthábhachtach chun fís OPR a bhaint amach. Cinntíonn OPR go gcuirtear ionchuir cuid mhór páirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála san áireamh, ag léiriú leasanna na ndreamanna seo a leanas:

- An pobal;
- An tAire;
- Údaráis áitiúla, ACP, tionóil réigiúnacha, agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA);
- Comhlachtaí gaolmhara rialála agus maoirseachta a bhfuil sainordú acu sa réimse pleanála;
- An tOireachtas;
- Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil;
- Gníomhaireachtaí stáit agus comhairlithe eile a bhfuil sainchúram reachtúil orthu sa phróiseas pleanála;
- Comhlachtaí tráchtála agus Státurraithe a bhfuil baint acu le bonneagar straitéiseach a sheachadadh;
- Comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa;
- Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais; agus
- Tráchtairí saineolaithe agus na meáin.

## Spriocanna

Sainaithnítear sa straitéis freisin cúig phríomhsprioc agus gníomhartha seachadta comhfhreagracha do OPR i rith thréimhse an Ráitis Straitéise.

**Sprioc 1:** Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú.

**Sprioc 2:** An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh siúd ar fad atá ina bpáirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála.

**Sprioc 3:** Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn
OPR i dteagmháil leo.

**Sprioc 4:** Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisíonn agus a fheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann.

**Sprioc 5:** Eagraíocht sheasmhach shofhreagrúil a chruthú atá tugtha don fhoghlaim leanúnach.

# 2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

- **Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla**
- **Aighneachtaí OPR**
- **Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh**



Cathair Chorcaí, Contae Chorcaí

**I gcomhréir le hailt 31AM agus 31AO d'Acht 2000, le linn na tréimhse dá dtagraítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo, bhí OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach plean reachtúil lena chinntiú go ndéantar foráil sa phlean maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.**

## 2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

Cinntíonn na measúnuithe seo go bhfuil beartais rialtais ábhartha á gcur i bhfeidhm agus go léirítear saincheisteanna mar athbheochan uirbeach, criosú talún, iompar, tithíocht, fostaíocht, athrú aeráide agus inbhuanaitheacht lár an bhaile sna pleananna forbartha. Dá bhrí sin, is féidir lenár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus a bheith ina n-áiteanna bríomhara le maireachtáil agus le hoibriú iontu.

Tá dhá chineál plean ann a ndéanann OPR measúnú orthu:

- **Pleananna Forbartha Cathrach/ Contae (CDPanna):** Ina leagtar amach an chroístraitéis fhoriomlán agus sainchuspóirí maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach nó an chontae; agus
- **Pleananna Ceantair Áitiúil (LDPanna):** Ina soláthraítear creatlach beartais pleanála atá níos mionsonraithe agus lena mbaineann gné níos áitiúla.

Ina theannta sin, ní mór do OPR aon athruithe beartaithe ar phleananna forbartha cathrach/ contae atá ann cheana, nó leasuithe ar LAPanna, a mheas.

Le linn don phlean a bheith á athbhreithniú agus á ullmhú, déanann OPR athbhreithniú agus meastóireacht ar ábhar an phlean. Déanann OPR measúnú freisin ar an bplean deiridh a ghlactar. I dtéarmaí an ionchuir ó OPR, tá ceithre phríomhchéim i gceist leis an bpróiseas chun an plean a dhéanamh:

- **Céim an Pháipéir Saincheisteanna (PS):** Tarlaíonn an chéim seo roimh dhréachtú an phlean, agus cuidíonn sí le bonn eolais a chur faoi ullmhú an dréacht-CDP nó faoi ullmhú an dréacht-LAP. Bíonn comhairliúchán poiblí ar bun ag an gcéim seo, agus déanann OPR athbhreithniú ar an bPáipéar Saincheisteanna lena linn agus ullmhaíonn sé barúlacha ardleibhéil. Níl an chéim sin riachtanach ach amháin i gcás pleananna forbartha cathrach agus contae, ach d'fhéadfaí í a dhéanamh freisin le haghaidh pleananna ceantair áitiúil.
- **Céim an Dréachtphlean (DP):** Ullmhaítear an Dréachtphlean don chathair/chontae nó don cheantar áitiúil ábhartha le haghaidh comhairliúchán poiblí. Déanann OPR athbhreithniú ar an Dréachtphlean agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon ghné den Dréachtphlean. Teastaíonn an chéim sin beag beann ar an gcineál plean atá i gceist.
- **Céim na nAthruithe Ábhartha (MA):** Tarlaíonn sé nuair a roghnaíonn comhaltaí tofa athrú a dhéanamh ar an dréachtphlean. Bíonn comhairliúchán poiblí ann ar na hAthruithe Ábhartha a bheartaítear, agus féadfaidh OPR moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon athruithe ábhartha a rinneadh. Ní theastaíonn an chéim sin le haghaidh na bpleananna uile.
- **Plean a Glacadh (AD):** Ag deireadh an phróisis is iad comhaltaí tofa an údaráis áitiúil ábhartha a cheapann an plean. Déanann OPR measúnú ar an bPlean a Glacadh agus breithníonn sé cé acu ar tugadh nó nár tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinne OPR sa Phlean a Glacadh. Tá tuilleadh sonraí faoin gcéim sin i roinn 2.3.

## Measúnú OPR ar Phleananna Forbartha Cathrach/Contae (CDPanna)

Tá 31 CDP ar an iomlán ann, a léiríonn na limistéir le haghaidh an 31 údarás áitiúil. Roimh 2025, glacadh 30 de na 31 CDP. Reáchtáladh céim na n-athruithe ábhartha agus glacadh Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 in 2025.

Ina theannta sin, thosaigh Comhairle Contae Lú agus Comhairle Contae na Mí an próiseas athbhreithnithe dá bpleananna forbartha nua, agus thug siad comhairliúcháin ar na Páipéir Saincheisteanna dá bpleananna forbartha contae nua chun críche.

## Measúnú OPR ar Athruithe ar CDPanna

Rinne OPR 36 aighneacht maidir le 32 Athrú beartaithe ar na CDPanna seo a leanas atá ann cheana:

- Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028
- Plean Forbartha Cathrach Chorcaí 2022-2028
- Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029
- Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028
- Plean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028
- Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029
- Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027
- Plean Forbartha Contae Lú 2021-2027
- Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028
- Plean Forbartha Contae na Mí 2021-2027
- Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031
- Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028
- Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028
- Plean Forbartha Contae na hIarmhí 2021-2027
- Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028

## Athrú maidir le riachtanais fáis tithíochta

D'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) Treoir maidir le Cur i bhFeidhm an Chreata Náisiúnta Pleanála: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le Riachtanais Fáis Tithíochta i mí Iúil 2025.

D'ullmhaigh an tAire na treoirlínte sin tar éis gur faomhadh an Creat Náisiúnta Pleanála Athbhreithnithe i mí Aibreáin 2025, ina leagtar go bhfuil gá pleanáil a dhéanamh chun thart ar 50,000 aonad tithíochta breise a sheachadadh in aghaidh na bliana go dtí 2040.

Tagann na treoirlínte in ionad na gcur chuige a bhí ann roimhe seo trí réamh-mheastacháin nuashonraithe ón ESRI ar an éileamh ar thithíocht faoi gach údarás áitiúil a thabhairt isteach, lena chinntiú go mbeidh cinntí pleanála bunaithe ar ionchais chruinne agus reatha maidir le fás ar an daonra agus riachtanais struchtúracha maidir le tithíocht.

Ceadaítear sna treoirlínte "soláthar breise" de thalamh criosaithe cónaithe, suas le 50% os cionn na mbunriachtanas, má tá údar leis sin. Thabharfadh sé sin an tsolúbthacht is gá chun dlús a chur le soláthar tithíochta agus soláthar leordhóthanach de thalamh seirbhísithe a choinneáil ar bun.

Tacaíonn na hathruithe ar phleananna forbartha a rinneadh dá bharr sin leis an gcóras a bheith freagrúil, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann coigeartuithe a dhéanamh níos tapúla, go mbeidh fáil níos fearr ar thalamh seirbhísithe, go mbeidh an bonneagar tacaíochta ailínithe níos fearr, agus go mbeidh níos mó fáis inbhuanaithe agus dlúth ann. Le chéile, neartaíonn na hathruithe sin creat pleanála na hÉireann agus tacaíonn siad le tithíocht a sholáthar níos tapúla chun freastal ar an éileamh náisiúnta.

Ar na treoirlínte sin a fhoilsiú, ceanglaíodh ar údaráis áitiúla machnamh a dhéanamh ar na hathruithe ba ghá a dhéanamh ar na pleananna forbartha cathrach agus contae a bhí acu cheana féin chun na figiúirí leasaithe a chur san áireamh. Mar chéad chéim, féadfaidh Príomhfheidhmeannach gach údaráis áitiúil tuarascáil a ullmhú do na comhaltaí tofa ina leagtar amach an cur chuige beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais fáis tithíochta nuashonraithe. Tugann na húdaráis áitiúla faoi phróiseas ansin chun a bplean forbartha a athrú lena chinntiú go ndéantar soláthar don fhás tithíochta nuashonraithe.

Ghlac údaráis áitiúla cuir chuige éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar na treoirlínte sin, agus roghnaigh siad aghaidh a thabhairt ar na treoirlínte le hathrú amháin nó le roinnt athruithe.

In 2025, chuir 19 údarás áitiúil a dTuarascáil ón bPríomhfheidhmeannach faoi bhráid OPR. As na 32 athrú beartaithe in 2025, osclaíodh dhá chomhairliúchán déag faoi na hathruithe a beartaíodh mar fhreagra ar na treoirlínte sin in 2025. Glacadh Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028 agus Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 i mí na Nollag 2025.

## Measúnú OPR ar Phleananna Ceantair Áitiúil (LAPanna)

Leagtar amach cuspóirí in LAPanna le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ceantar sonrach. Ní mór go mbeadh LAPanna comhsheasmhach leis na CDPanna a ghabhann leo. I gcás ina bhfuil an ceantar suite laistigh de cheantar feidhmiúil a bhaineann le níos mó ná údarás áitiúil amháin, ansin féadfaidh na húdaráis lena mbaineann oibriú lena chéile ar an athbhreithniú agus/nó ar LAP comhpháirteach a ullmhú.

Le linn 2025, rinne OPR 14 aighneacht faoi LAPanna ag na céimeanna Páipéar Saincheisteanna, Dréachtphlean agus/nó Athrú Ábhartha.

## Rannpháirtíocht OPR le Páirtithe Leasmhara chun Tacaíocht a Thabhairt don Mheasúnú ar Phleananna

Bíonn OPR i dteagmháil le húdaráis áitiúla i gcaitheamh phróiseas déanta an phlean. Tugann sé sin deis do OPR nithe tábhachtacha a bhaineann le plean beartaithe a phlé, agus faisnéis bhreise a sholáthar, amhail nuashonruithe beartais, a d'fhéadfadh tacú le hobair an údaráis áitiúil le linn phróiseas déanta an phlean. In 2025, bhuail OPR le 25 údarás áitiúil maidir le hathbhreithniú agus ullmhú pleananna reachtúla.

Déanann OPR teagmháil leis na trí thionól réigiúnacha chomh maith maidir le pleananna reachtúla: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Bíonn na tionóil réigiúnacha freagrach as tacú le pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe, agus déanann gach ceann de na trí thionól réigiúnacha ionadaíocht ar na húdaráis áitiúla ina limistéar réigiúnach. I rith 2025, bhuail OPR le gach ceann de na tionóil réigiúnacha.

Tacaíonn an Fóram Meastóireachta Pleananna (PEF) le rannpháirtíocht leanúnach idir OPR agus comhlachtaí forordaithe i dtaca leis an bpróiseas déanta pleananna. Éascaíonn an fóram plé agus malartú faisnéise i mbreithniú pleananna reachtúla ag OPR agus spreagann sé ailíniú beartais níos mó i measc páirtithe leasmhara. Tá siad seo a leanas i measc bhaill an fhóraim: DHLGH, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DCEE), an Roinn Oideachais agus Óige, na trí thionól réigiúnacha, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus Bonneagar Iompair Éireann (TII). Reáchtáil OPR trí chruinniú den Fhóram Meastóireachta Pleananna in 2025.

**54**


**an líon iomlán aighneachtaí a rinne OPR in 2025**

**% aighneachtaí de réir an Athraithe: 69%**

**5%**
**CDPanna**

**26%**
**LAPanna**

## An líon iomlán aighneachtaí a rinneadh de réir na céime



**5**
**Pháipéar Saincheisteanna**

**31**
**Dréacht-Aighneacht**

**18**
**gCéim na nAthruithe Ábhartha**

## Measúnú OPR a cuireadh i gcrích maidir le 30 plean a glacadh: 1 CDP, 18 n-athrú, 11 LAP

**52%**
**Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA)**

**26%**
**Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA)**

**22%**
**Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA)**

**% aighneachtaí de réir an limistéir tionóil réigiúnaigh**

**Teagmháil le páirtithe leasmhara: cruinnithe le húdaráis áitiúla / leis an bhFóram Meastóireachta Pleananna**

**39**
**údarás áitiúil**

**3**
**Fhóram Meastóireachta Pleananna**

**Fíor 4** | Measúnú ar Phleananna 2025

## 2.2 Aighneachtaí OPR

Bíonn aighneachtaí OPR ar phleananna reachtúla bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar raon ábhar reachtach agus beartais. I rith na tréimhse i gceist, i gcás na bpleananna reachtúla uile, áirítear leo sin:

- Forálacha reachtacha do phleananna reachtúla mar a fhoráiltear faoi Acht 2000;
- Forálacha reachtacha maidir le gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar an athrú aeráide.
- An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF);
- An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE);
- Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (má bhaineann an plean le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath);
- Treoirlínte alt 28 an Aire, a bhaineann le raon ábhar a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, amhail pleananna forbartha, soláthar tithíochta, bainistíocht riosca tuilte, bóithre náisiúnta agus réigiúnacha, miondíol, forbairt uirbeach, LAPanna, tithíocht tuaithe agus fuinneamh gaoithe;
- Treoracha beartais arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 29 d'Acht 2000.

Féadfaidh moltaí agus/nó tuairimí a bheith san áireamh in aighneachtaí OPR chuig údaráis áitiúla ag céim an Dréachtphlean agus/nó ag céim na nAthruithe Ábhartha. Mar gheall ar chineál ardleibhéil na bPáipéar Saincheisteanna, ní dhéanann OPR tuairimí ná moltaí foirmiúla. Cuirtear comhairle straitéiseach ar Pháipéar Saincheisteanna agus/nó treoir ar fáil ina ionad sin.

Baineann **moltaí** OPR le sáruithe follasacha ar:

- forálacha reachtacha ábhartha;
- an creat beartais náisiúnta nó réigiúnach;
- agus/nó beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i dtreoirlínte an Aire faoi alt 28 d'Acht 2000.

Ní mór don údarás áitiúil iad sin a chur i bhfeidhm nó aghaidh a thabhairt orthu chun comhsheasmhacht leis na forálacha ábhartha beartais agus reachtaíochta a chinntiú. Mura gcomhlíontar moladh, is féidir go n-eiseofar Treoir ón Aire faoi alt 31 d'Acht 2000.

Is é is **tuairimí** a thugann OPR iarrataí ar thuilleadh faisnéise, fírinniú ar ábhar ar leith, nó soiléiriú maidir le forálacha áirithe de phlean ar shaincheisteanna a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le forálacha beartais agus reachtacha. Iarrann OPR ar an údarás áitiúil tuairim a chur i ngníomh.

Féadfar go mbeidh comhairle san áireamh in aighneacht maidir le nithe a mheasann OPR a chuirfeadh le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Iarrann nó comhairlíonn OPR go mbreithneoidh údaráis áitiúla ina hiomláine aon chomhairle atá san áireamh in aighneacht.

Rinne OPR 94 moladh agus thug sé 41 tuairim san iomlán in 2025 ar aighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla. Déantar athbhreithniú ar na moltaí atá in aighneachtaí OPR de réir catagóir reachtacha i dTábla 1 agus déantar athbhreithniú ar na tuairimí de réir catagóir reachtach i dTábla 2.

Toisc gur féidir níos mó ná foráil reachtaíochta amháin a chlúdach i moltaí agus i dtuairimí, tá difríocht idir na huimhreacha a chuirtear i láthair leis an líon iomlán moltaí agus tuairimí.

| Catagóir Reachtach | Líon Moltaí |
|---|---|
| **NPF** | 62 |
| **RSES** | 67 |
| **DP** | 38 |
| **alt 28** | 55 |
| **Acht 2000** | 8 |
| **Reachtaíocht Eile** | 17 |
| **An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide** | 12 |
| **Eile** | 26 |

**Tábla 1** | Moltaí OPR de réir Catagóir Reachtach

| Catagóir Reachtach | Líon Tuairimí |
|---|---|
| **NPF** | 7 |
| **RSES** | 10 |
| **DP** | 11 |
| **alt 28** | 12 |
| **Acht 2000** | 1 |
| **Reachtaíocht Eile** | 1 |
| **An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide** | 2 |
| **Eile** | 7 |

**Tábla 2** | Tuairimí OPR de réir Catagóir Reachtach

Bhain an chuid is mó de na haighneachtaí a rinneadh in 2025 le hathruithe, agus dá réir sin, rinneadh an chuid is mó de na moltaí in aighneachtaí maidir le hathruithe. Rinneadh 66 moladh san iomlán maidir le hathruithe, agus 28 moladh maidir le CDPanna agus/nó LAPanna. Baineann na moltaí le réimse cúrsaí pleanála.

Ina measc sin, tá croí-straitéisí agus straitéisí lonnaíochta; dlúthfhás; athbheochan; forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht; iompar inbhuanaithe; agus cúrsaí maidir le riosca tuilte. Déantar tuilleadh plé anseo ar roinnt de na príomhchúrsaí pleanála seo:

## Moltaí

| Cúrsaí Pleanála | Líon |
|---|---|
| Iompar Inbhuanaithe agus Inrochtaineacht | 25 |
| Bainistíocht um Riosca Tuilte | 18 |
| Dlúthfhás agus Athbheochan | 16 |
| Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochtaí | 15 |
| An Comhshaol, Oidhreacht agus Fóntais | 11 |
| Forbairt Eacnamaíoch agus Fostaíocht | 9 |
| Caighdeáin agus Treoirlínte | 5 |
| Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | 3 |

**Tábla 3** | Moltaí de réir Cúrsaí Pleanála

## Tuairimí

| Téama | Líon |
|---|---|
| Iompar Inbhuanaithe agus Inrochtaineacht | 9 |
| Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | 8 |
| Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochtaí | 7 |
| An Comhshaol, Oidhreacht agus Fóntais | 5 |
| Bainistíocht um Riosca Tuilte | 4 |
| Dlúthfhás agus Athbheochan | 4 |
| Forbairt Eacnamaíoch agus Fostaíocht | 3 |
| Caighdeáin agus Treoirlínte | 1 |
| Beartais Tithíochta | 1 |

**Tábla 4** | Tuairimí de réir Cúrsaí Pleanála

## 1. Iompar Inbhuanaithe agus Soghluaisteacht

Tá gealltanas tugtha ag Éirinn glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050, sprioc a fhágann go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach modhanna iompair inbhuanaithe a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, tugann OPR faoi deara go bhfuil cur chuige stuama agus réamhghníomhach glactha ag údaráis áitiúla, go ginearálta, go háirithe ina CDPanna, agus go bhfuil gealltanas soiléir tugtha acu aistriú chuig iompar gníomhach agus inbhuanaithe a chur chun cinn agus spleáchas ar charranna príobháideacha a laghdú.

Is uirlis thábhachtach iad Pleananna Iompair Áitiúil (LTPanna) chun úsáid talún a ailíniú le hiompar, chun plódú tráchta a laghdú agus chun nascacht áitiúil a fheabhsú. Tá roinnt moltaí déanta ag OPR i ndáil le LTPanna agus tá roinnt torthaí dearfacha tugtha faoi deara. Tá gealltanas tugtha in Athrú Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 go n-ullmhófar LTP le haghaidh Chathair Chill Chainnigh agus go gcuirfear na moltaí san LTP i bhfeidhm nuair a ghlacfar é, agus tá moladh in Athrú Uimh. 6 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 go gcuirfear cuspóir sonrach san áireamh, is é sin monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar sheachadadh LTP Phort an Chalaidh/Belview.

De bhun moladh ó OPR, tá gealltanas tugtha ag Comhairle Contae Chill Mhantáin, trí Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028, LTP a ullmhú do Bhaile Coimín le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí iompair ábhartha, agus chun forálacha an LTP a chomhtháthú sa phlean. Tá gealltanas de chineál céanna in Athrú Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028 maidir leis Na Clocha Liatha-Deilgne agus Cill Chomhghaill.

Tá feabhsú ar an taisteal gníomhach trína chomhtháthú laistigh d'fheabhsuithe reatha agus d'fheabhsuithe a dhéanfar amach anseo le haghaidh ceantair forbartha spreagtha ag OPR i roinnt dá mholtaí. Maidir leis sin, agus de bhun moladh ó OPR, tá cuspóir curtha san áireamh ag Comhairle Contae Chiarraí, in Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028, lena n-aithnítear an tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le tailte cónaithe agus fostaíochta a nascadh le bonneagar siúil agus rothaíochta.

Tá cinnteacht maidir le seachadadh bhearta um thaisteal gníomhach tábhachtach freisin agus chuige sin tá amlíne do chur i bhfeidhm bhearta den sórt sin sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma curtha san áireamh in Athrú Uimh. 6 ar Plean Forbartha Contae Chill Chainnigh 2021-2027 i ndáil le Port an Chalaidh/Belview. Tá sé beartaithe roinnt cuspóirí spriocdhírithe do cheantar Phort an Chalaidh/Belview a chur leis sin.

## 2. Bainistíocht Riosca Tuilte

Féadfaidh iarmhairtí suntasacha do dhaoine agus pobail áitiúla teacht as forbairt ar thalamh atá soghabhálach i leith tuilte. Féadfaidh sé an riosca tuilte i gceantair máguaird freisin trí thoilleadh nádúrtha do stóráil an uisce tuilte ar thuilemhánna a laghdú. Agus báisteach níos déine agus níos minice ag titim de bharr an athraithe aeráide, tá an dúshlán seo ag éirí níos práinní an t-am ar fad. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh ról lárnach ag bainistíocht riosca tuilte i gcinntí faoi chriosú úsáide talún chun forbairt mhíchuí i gceantair atá leochaileach do thuilte a chosc.

In 2025, rinne OPR 18 moladh faoi CDPanna agus LAPanna a bhain le tuilte. Mar thoradh díreach ar na moltaí sin, glacadh roinnt pleananna a lonnaíonn úsáid talún leochailí taobh amuigh de chriosanna tuilte, lena n-áirítear Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan 2024-2030, Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chora Droma Rúisc 2025-2031 agus Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chúil an tSúdaire 2025-2031.

Tá roinnt pleananna á n-ullmhú faoi láthair ina ndearnadh OPR moltaí den chineál céanna a bhaineann le riosca tuilte, lena n-áirítear Athrú beartaithe Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028 agus Athrú beartaithe Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae na hIarmhí 2021-2027. Tá coinne leis go nglacfar an dá mholadh sin níos faide amach in 2026.

I gcás Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Mhantáin-Ráth Naoi 2025, níor ghlac comhaltaí an údaráis pleanála moladh OPR chun úsáid talún leochailí a lonnú taobh amuigh de chriosanna tuilte. Eisíodh treoir dheiridh ina dhiaidh sin (tá tuilleadh faoi sin thíos).

## 3. Dlúthfhás

Is uaillmhian láidir é dlúthfhás agus tá sé ar cheann de na príomhspriocanna comhroinnte sa Chreat Torthaí Náisiúnta Straitéiseacha an NPF. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige seo fás inbhuanaithe dlúthchathracha, dlúthbhailte agus dlúth-shráidbhailte ar fud na hÉireann a bhainistiú go cúramach.

Tá ceantair forbartha fholmha, thréigthe agus athfhorbraíochta i roinnt mhaith lonnaíochtaí uirbeacha atá i suíomhanna lárnacha agus atá oiriúnach lena n-athúsáid do thithíocht agus úsáidí measctha eile. Mar sin féin, tá gá le cur chuige cuíchóirithe agus comhordaithe ina leith agus le dlús a thacaíonn le bonneagar cumasúcháin cost-éifeachtúil. Dá réir sin, cuireann dlúthfhás le hastaíochtaí carbóin a ísliú agus tacaíonn sé le háiteanna uirbeacha mealltacha, ardcháilíochta ina bhfuil bonneagar comhtháite laistigh de cheantair lárnacha a bhfuil níos inrochtaine trí shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

In 2025, bhí dlúthfhás mar théama lárnach do OPR, agus 16 mholadh faoi CDPanna agus LAPanna ag baint leis. Chun líon níos lú suíomhanna forimeallacha agus forbairt i suíomhanna níos lárnaí agus inbhuanaithe a chur chun cinn, forbairt a mbeadh sé níos éasca seirbhísí a sholáthar di, rinne OPR roinnt moltaí do phleananna agus thug roinnt mhaith údarás áitiúil freagra dearfach orthu.

Ina measc siúd bhí Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031, Athrú Uimh. 1 (NPF) ar Phlean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028, Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 (Plean Lonnaíochta an Droichid Nua), Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae na hIarmhí 2021-2027 (Plean Lonnaíochta an Mhuilinn Chearr) agus Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028.

Go háirithe, tháinig fothéama a bhain le dlús chun cinn mar thacaíocht don phrionsabal maidir le dlúthfhás, le cur i bhfeidhm dlús iomchuí i lonnaíochtaí ar leibhéal níos airde agus suíomhanna comhdhlúthaithe/athbheochana lárnacha atá ag teacht le Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Dlúth-Lonnaíochtaí, Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla (2024) a chinntiú. Rinne OPR roinnt moltaí agus tugadh freagra dearfach orthu. Ardaíodh an dá raon dlúis níos airde nuair ba chuí agus neartaíodh na cuspóirí beartais gaolmhara i ndáil le roinnt pleananna, ina measc Plean Ceantair Áitiúil Chora Droma Rúisc 2025-2031, Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 agus Athrú Uimh. 6 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 (Caisleán an Chomair).

Maidir le hathbheochan, a bhaineann go sonrach le forbairt talún athfhorbraíochta foilmhe agus Príomhcheantair Forbartha agus suíomhanna Deise féideartha a chur chun cinn, rinne OPR roinnt moltaí inar iarradh tús áite a thabhairt do bhearta gníomhachtaithe talún. Thug údaráis áitiúla le haghaidh Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae na hIarmhí 2021-2027 agus LAP comhpháirteach Chora Droma Rúisc 2025-2027 freagra dearfach orthu.

### 4. Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochta

Is príomhriachtanas é croístraitéis agus straitéis lonnaíochtaí a sholáthar agus plean forbartha nó athruithe air á n-ullmhú. Is é an príomhchuspóir leis an gcroístraitéis ná sonraí inchainníochtúla meántéarmacha agus fadtéarmacha de chineálacha éagsúla forbartha a chur in iúl. Ba cheart dóibh a bheith i gcomhréir le Cuspóirí Forbartha Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Cé acu a leagtar amach cuspóirí criosaithe sa phlean forbartha ábhartha nó i bhfo-phlean ceantair áitiúil, caithfidh Croístraitéis an phlean forbartha a bheith sách sonrach agus cothrom le dáta i dtaobh spriocanna daonra agus riachtanais tithíochta a leagan amach ar fud cheantar foriomlán an údaráis pleanála. Ba cheart di feidhmiú mar chreat soiléir le haghaidh leasuithe ar chriosuithe atá ann cheana féin nó criosuithe nua le haghaidh athruithe atá le déanamh sa todhchaí, agus ba cheart di a bheith trédhearcach agus inrochtana go héasca chun leas an phobail.

In 2025, rinne OPR 15 mholadh a dhírigh ar an gCroístraitéis agus ar an straitéis lonnaíochta, tá mionchoigeartuithe i gceist le roinnt díobh; Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031; roinnt eile díobh a bhí níos suntasaí agus le torthaí dearfacha, mar shampla Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028.

Tabhair faoi deara freisin sa tréimhse seo, rinne OPR roinnt moltaí a bhain leis an gCroístraitéis do chur i bhfeidhm NPF, Riachtanais Fáis Tithíochta 2025, ar thug údaráis áitiúla freagra dearfach uirthi, mar shampla Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028 agus Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028. Tá pleananna ábhartha eile fós ag céimeanna éagsúla den phróiseas.

## 2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh

Tar éis chéimeanna comhairliúcháin an Dréachtphlean agus/nó na nAthruithe Ábhartha, féadfaidh comhaltaí tofa an údaráis áitiúil vótáil chun plean beartaithe a ghlacadh. Nuair a ghlacann na comhaltaí tofa plean, bíonn ceithre seachtaine ag OPR an plean a mheas.

I gcás CDPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus má leagtar amach straitéis fhoriomlán ann le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

I gcás LAPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus/nó le plean forbartha an cheantair lena mbaineann.

Tagann CDPanna agus LAPanna i bhfeidhm sé seachtaine tar éis a nglactha, ach glactar Athruithe láithreach. Má tá OPR sásta leis an bplean, eiseoidh sé admháil ag cur fáilte roimh an bplean. Mar sin féin, má tá an plean ar neamhréir leis na moltaí a rinne OPR, féadfaidh OPR comhairle a chur ar an Aire Treoir a eisiúint.

Glacadh le 30 plean ar an iomlán in 2025. Glacadh le CDP nua amháin agus rinneadh 18 nAthrú ar CDPanna a bhí ann cheana, agus glacadh 11 LAP nua.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na hAthruithe agus Leasuithe a glacadh ar phleananna a bhí ann cheana féin, chinn OPR gur tugadh aghaidh shásúil ar na moltaí, agus nach raibh gá le gníomh breise.

As na pleananna a glacadh, chinn OPR gur tugadh aghaidh shásúil ar a chuid moltaí i 17[2] de na hAthruithe agus and i 10 gceann de na LAPanna, agus nach raibh gá le gníomh breise. Liostaítear iad sin i dTábla 5.

[2] Glacadh Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028 i mí na Nollag 2025. Thug OPR a mheasúnú chun críche go luath i mí Eanáir 2026 ach ní raibh údar le gníomh breise.

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Cathrach Chorcaí** | Athrú Uimhir 2 ar Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028 | 14/07/2025 | 1 |
| **Comhairle Contae Cheatharlach** | Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 | 10/03/2025 | 0 |
| | Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028 | 12/11/2025 | 5 |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | Athrú Uimh. 6 ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 | 01/12/2025 | 0 |
| | Athrú Uimh. 7 ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 | 01/12/2025 | 0 |
| | Athrú Uimh. 8 ar Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028 | 01/12/2025 | 0 |
| **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** | Plean Ceantair Áitiúil Chill Tiarnáin-Ghleann na Muc 2025-2031 | 05/06/2025 | 0 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Sheanchonach 2025-2031 | 28/10/2025 | 0 |
| **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031 | 29/07/2025 | 5 |
| **Comhairle Contae Chiarraí** | Athrú Uimh. 1 ar CDP Chiarraí 2022-2028 (Trá Lí) | 21/07/2025 | 7 |
| **Comhairle Contae Chill Dara** | Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 (Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn) | 31/03/2025 | 4 |
| **Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae na Mí** | Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Mhaigh Nuad agus Phurláin Mhaigh Nuad 2025-2031 | 17/02/2025 (Comhairle Contae Chill Dara)<br>19/02/2025 (Comhairle Contae na Mí) | 11 |

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Chill Chainnigh** | Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 | 17/02/2025 | 0 |
| | Athrú Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027 | 24/03/2025 | 3 |
| **Comhairle Contae Laoise agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí** | Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chúil an tSúdaire 2025-2031 | 16/06/2025 (Comhairle Contae Uíbh Fhailí) 30/06/2025 (Comhairle Contae Laoise) | 7 |
| **Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Contae Ros Comáin** | Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chora Droma Rúisc 2025-2031 | 07/04/2025 | 8 |
| **Comhairle Contae an Longfoirt** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile an Longfoirt 2025-2031 | 22/04/2025 | 9 |
| **Comhairle Contae Lú** | Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan 2025-2031 | 06/03/2025 | 10 |
| | Athrú Uimh. 3 ar CDP Lú 2021-2027 | 20/10/2025 | 1 |
| **Comhairle Contae Mhaigh Eo** | Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028 | 08/12/2025 | 3 |
| **Comhairle Contae na Mí** | Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2021-2027 | 27/01/2025 | 2 |
| | Athrú Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2021-2027 | 07/07/2025 | 0 |
| **Comhairle Contae Mhuineacháin** | Athrú Uimh. 1 ar CDP Mhuineacháin 2025-2031 | 06/10/2025 | 1 |
| **Comhairle Contae Thiobraid Árann** | Plean Ceantair Áitiúil Charraig na Siúire 2025-2031 | 12/05/2025 | 10 |
| **Comhairle Contae Phort Láirge** | Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Contae Phort Láirge 2022-2028 | 13/11/2025 | 2 |

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Chill Mhantáin** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Coimín 2025-2031 | 16/06/2025 | 7 |
| | Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028 | 16/06/2025 | 6 |

**Tábla 5** | LAPanna a Glacadh: Níor theastaigh aon ghníomh breise

## Dréacht-Treoracha

De réir ailt 31AM agus 31AO d'Acht 2000, is féidir leis OPR moladh a dhéanamh don Aire á threorú d'údarás áitiúil aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí le ceanglais reachtúla ina phlean.

Má mheasann OPR go bhfuil gá leis seo, eiseoidh sé litir fógra don Aire ina mbeidh breac-chuntas ar an gcúis le teacht ar an gcinneadh. Míneofar sa litir fógra seo conas atá an plean neamhréireach le moltaí an OPR agus conas nach leagann an plean amach straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Ullmhaíonn OPR dréacht-Treoir bheartaithe don Aire freisin.

Tar éis é seo a bhreithniú, féadfaidh an tAire a chinneadh dréacht-Treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil ábhartha.

Nuair a eisíonn an tAire dréacht-Treoir, ní thagann na codanna den phlean lena mbaineann an dréacht-Treoir i bhfeidhm sa Phlean a Glacadh.

Má easaontaíonn an tAire le cuid ar bith nó le hiomlán na dréacht-Treorach, ullmhaíonn an tAire ráiteas ina bhfuil breac-chuntas ar na cúiseanna gan comhaontú le OPR. Leagtar an ráiteas faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

In 2025, áiríodh i CDP amháin a glacadh, in athrú amháin a glacadh ar CDP a bhí ann cheana féin, agus i LAP amháin a glacadh, forálacha nár thug aghaidh shásúil ar na moltaí uile a rinne OPR ag céim an Dréachtphlean nó ag céim na nAthruithe Ábhartha. Liostaítear na pleananna sin i dTábla 6.

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Mhuineacháin** | Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031 | 26/05/2025 | 18 |
| **Comhairle Contae Chill Mhantáin** | Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028 | 12/05/2025 | 11 |
| **Comhairle Contae Chill Mhantáin** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Mhantáin-Ráth Naoi 2025-2031 | 12/05/2025 | 12 |

**Tábla 6** | Dréacht-Treoracha Beartaithe a d'Eisigh OPR

Mhol OPR go n-eiseodh an tAire dréacht-Treoir faoi bhainistíocht riosca tuilte i ngach ceann de na trí phlean reachtúla ar an mbonn go raibh tailte atá criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe agus fostaíochta san áireamh i gcriosanna atá i mbaol tuilte.

Bhí na cúiseanna leis na hathruithe a treoraíodh mar an gcéanna sna pleananna uile, agus bhí ceanglas iontu a chinntiú go seachnófaí forbairt mhíchuí i gceantair atá i mbaol tuile i gcomhréir leis na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009), a fhaigheann tacaíocht ó na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha le haghaidh gach údarás réigiúnach agus ón gCreat Náisiúnta Pleanála.

Sa dá dhréacht-Threoir le haghaidh Chill Mhantáin, mhol OPR don Aire go bhfágfaí tailte atá criosaithe le haghaidh úsáid fostaíochta ar lár ar bhonn tionchair agus cóngaracht do Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) agus do Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA). Ba iad na cúiseanna a tugadh ná chun limistéir íogair chomhshaoil a chosaint agus a chaomhnú agus chun ailíniú idir croíchuspóirí na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach agus pleananna forbartha na n-údarás áitiúil a chinntiú.

Mhol OPR don Aire freisin go bhfágfaí ar lár fonóta i maitrís chriosaithe Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin, lenar ceadaíodh Caoithiúlacht Miondíola agus Comparáid Miondíola laistigh de Pháirc Miondíola Mhuineacháin. Bhain na cúiseanna a tugadh leis an tionchar ar straitéisí inbhuanaithe lonnaíochta agus iompair, lena chinntiú go ndéantar lár bailte a athbheochan agus a athnuachan agus chun tacú le soghluaisteacht inbhuanaithe agus leis an aistriú chuig sochaí ísealcharbóin.

Sheas an tAire leis na cúiseanna uile a thug OPR agus na dréacht-Treoracha á n-eisiúint.

## Treoracha Deiridh

Tá céimeanna forordaithe ann nach mór d'údarás áitiúil a ghlacadh nuair a fhaigheann siad dréacht-Treoir ón Aire. Ní mór don údarás comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar an dréacht-Treoir agus ní mór don Phríomhfheidhmeannach tuarascáil a ullmhú ar na haighneachtaí a fuair an t-údarás áitiúil le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Breithníonn OPR tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ansin agus aon aighneacht a fhaigheann OPR go díreach ó chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil faoi thrácht. Tar éis an mheasúnaithe seo, is féidir le OPR moladh a dhéanamh don Aire chun Treoir dheiridh a eisiúint le mionleasuithe san áireamh, nó gan leasú. De rogha air sin, is féidir le OPR Cigire a cheapadh má mheasann sé go bhfuil tuilleadh iniúchta de dhíth.

Tar éis dó/di machnamh ar mholadh deiridh OPR, féadfaidh an tAire Treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil ábhartha. Má easaontaíonn an tAire le cuid ar bith nó le hiomlán na dréacht-Treorach, ullmhaíonn an tAire ráiteas ina bhfuil breac-chuntas ar na cúiseanna gan comhaontú le OPR. Leagtar an ráiteas faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Nuair a eisíonn Aire Treoir deiridh, tagann téarmaí na Treorach sin in ionad ghnéithe ábhartha an phlean láithreach bonn.

In 2025, d'eisigh OPR moltaí chuig an Aire maidir le Treoir dheiridh i ndáil leis na pleananna seo a leanas:

- Plean Forbartha Contae Mhuineacháin 2025-2031
- Plean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030
- Athrú Uimh. 2 ar Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Chill Mhantáin-Ráth Naoi 2025-2031
- Plean Ceantair Áitiúil Bhéal an Átha 2024-2030

I gcás Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2024-2030 (d'eisigh OPR Treoir dheiridh in 2024) agus Phlean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030, tá an tAire i mbun cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) nó le Measúnacht Chuí (MC).

Críochnaíodh an próiseas Treorach do na pleananna eile in 2025. San iomlán, mhol OPR go n-eiseodh an tAire Treoir lena n-éilítear ocht n-athrú ar na pleananna chun na saincheisteanna a d'ardaigh OPR roimhe seo a réiteach. I ngach cás seachas ceann amháin, bhain na hathruithe a treoraíodh le criosú talamhúsáide atá miondealaithe mar seo a leanas:

**Fostaíocht – 3**

**Cónaithe – 4**

Maidir leis na Treoracha molta faoi chuspóirí criosaithe, bhain na cúiseanna a thug OPR le bainistíocht riosca tuilte, ina raibh talamh criosaithe le haghaidh forbairt leochaileach i gceantair atá i mbaol tuile, leochaileachtaí comhshaoil agus bithéagsúlachta, lena n-áirítear talamh atá laistigh de mhaolán bruachánach sruthchúrsa agus atá gar do SPA agus SAC.

### Cúiseanna ón Aire

Sa chás nach n-aontaíonn an tAire le moladh OPR maidir leis an dréacht-Treoir nó an Treoir dheiridh, ní mór don Aire ráiteas i scríbhinn a ullmhú lena leagtar amach na cúiseanna gan aontú. Tagraítear dó mar an Ráiteas Cúiseanna. Is féidir baint a bheith aige leis an Treoir ina hiomláine nó, níos coitianta, le cuid den Treoir. Ní mór an Ráiteas Cúiseanna a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ansin, agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin DHLGH.

In 2025, níor aontaigh an tAire le OPR maidir le hathrú treoraithe molta amháin ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhéal an Átha 2024-2030 a bhí faoi réir mholadh Threoir dheiridh OPR.

Mhol OPR go ndéanfaí an criosú cónaithe breise a cuireadh san áireamh mar chuid de na hAthruithe Ábhartha a choinneáil mar chuid den phlean glactha tar éis an chomhairliúcháin ar an dréacht-Treoir. Áiríodh ar na cúiseanna a bhí ag an Aire gan aontú le OPR tagairt do na hathruithe ábhartha, an láithreán a bhí faoi chaibidil ina measc:

- go gcuireann siad i bhfad níos mó tailte criosaithe ar fáil ná mar a bhí luaite sa chroístraitéis;
- go bhfuil siad lonnaithe i suíomhanna imeallacha, neamhsheicheamhacha taobh amuigh de theorainn lonnaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO), nach bhfuil bonneagar leordhóthanach acu agus nach dtacaíonn siad le patrúin inbhuanaithe taistil;
- go bhfuil siad lonnaithe laistigh de chriosanna atá i mbaol tuilte; agus
- go bhfuil siad ar neamhréir le Cuspóir INP 14 de Phlean Forbartha Contae Mhaigh Eo

Ar an mbonn sin, mheas an tAire go bhfuil an tAthrú Ábhartha le haghaidh criosú cónaithe ar neamhréir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair agus gur cheart é a chur san áireamh sa Treoir dheiridh lena fhágáil ar lár ón bplean a glacadh.

## 2.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha

Mar chomhlacht riaracháin faoi shaindualgas an Achta, is féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinntí OPR, agus sa chás sin breithneoidh an chúirt dlíthiúlacht an phróisis cinnteoireachta go príomha. Agus an chúirt ag teacht ar a cinneadh, féadfaidh sí a mheas an bhfuil an t-údarás ag OPR cinneadh a dhéanamh, má tá an bealach a rinneadh an cinneadh cothrom, agus má chomhlíon OPR na ceanglais dhlíthiúla uile lena rialaítear a cinneadh. D'fhéadfadh baint a bheith ag athbhreithnithe breithiúnacha le moladh OPR nó le cinneadh an Aire.

Liostaítear na pleananna a bhí faoi réir athbhreithniú breithiúnach le linn 2025 i dTábla 7.

| Ainm an Phlean | An líon Athbhreithnithe Breithiúnacha | Stádas |
|---|---|---|
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | 1 | Cás caite amach |
| **Plean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan 2024-2030** | 1 | Fós ar bun |
| **Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022-2028** | 1 | Seasadh leis an gcás |
| **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** | 3 | 1 Caite amach<br>1 Tarraingthe siar<br>1 Géillte |
| **Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029** | 1 | Géillte |
| **Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029** | 1 | Fós ar bun |
| **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028** | 1 | Cás caite amach, achomharc ar siúl |
| **Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028** | 1 | Fós ar bun |
| **Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028** | 2 | Fós ar bun |
| **Plean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030** | 1 | Fós ar bun |
| **Plean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029** | 1 | Fós ar bun |

**Tábla 7** | Pleananna atá faoi réir Athbhreithnithe Breithiúnacha



# 3 Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

- **Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil**
- **Athbhreithniú an Choimisiúin Pleanála**
- **Forfheidhmiú Pleanála agus Baint Móna**
- **Láimhseáil Cásanna agus Treochtaí**
- **Scrúdú ar Ghearáin**
- **Samplaí Cás-Staidéir**



Sceilg Mhichíl, Contae Chiarraí

**Faoi reachtaíocht pleanála, is ceann de phríomhfheidhmeanna reachtúla OPR é athbhreithniú agus/nó iniúchadh a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Coimisiún Pleanála (an Bord Pleanála roimhe seo) agus a bhfeidhmeanna pleanála reachtúla á gcomhlíonadh acu.**

Faoi na forálacha reachtacha, féadfaidh OPR athbhreithnithe pleanála cuimsitheacha a dhéanamh dá lánrogha féin nó féadfaidh an tAire iarraidh air athbhreithniú a dhéanamh, agus déantar iniúchtaí i ndáil le hábhair shonracha a ardaíonn baill den phobal. Go bunúsach, tugann na feidhmeanna sin cumhacht do OPR monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais náisiúnta pleanála agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint ar fud an 31 údarás áitiúil agus sa Choimisiún Pleanála.

Trí athbhreithnithe agus scrúduithe, cuireann OPR béim ar dhea-chleachtas agus deiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte idir eagraíochtaí a shainaithint, agus tarraingímid aird chomh maith ar aon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Is é an cuspóir ginearálta cultúr feabhsaithe leanúnaigh a leabú in earnáil pleanála na hÉireann.

Mar shampla, in 2025, bhí léargais ó athbhreithnithe agus scrúduithe OPR mar bhonn eolais do chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála, trí dheiseanna a shainaithint don nuálaíocht agus don éifeachtúlacht a d'fhéadfadh an córas pleanála a fheabhsú do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus don phobal. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoi sin níos déanaí sa rannán seo.

## 3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

Tá clár athbhreithnithe ar údaráis áitiúla á dhéanamh ag OPR, agus gach athbhreithniú curtha in ord d'fhonn sampla ionadaíoch leanúnach de chomhthéacsanna pleanála náisiúnta a chinntiú, i ndáil le saintréithe áitiúla, scála agus leathadh náisiúnta. Is é an aidhm fhoriomlán ná gníomhú mar acmhainn don chóras pleanála, ag tacú le seachadadh seirbhísí pleanála ardchaighdeáin a chomhlíonann riachtanais daoine.

Déanann ár n-athbhreithnithe na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear i rannóga pleanála na n-údarás áitiúil a bhreithniú, lena n-áirítear:

- Bainistíocht forbartha, lena gcuimsítear nósanna imeachta maidir le measúnú comhshaoil, forbairt an údaráis áitiúil féin, agus forbairtí cónaithe a thógáil i gcúram;
- Forfheidhmiú pleanála;
- Oidhreacht ailtireachta a chosaint;
- Pleananna forbartha a ullmhú, mar aon le rannpháirtíocht ghaolmhar an phobail;
- Bearta um measúnú comhshaoil agus cosaint áiseanna; agus
- Forbairt talún a chur chun cinn gó gníomhach agus tionscadail chur i gcrích.

Déanann OPR anailís ar fheidhmíocht sna réimsí seo agus tugann moltaí maidir le conas ba cheart nósanna imeachta a fheabhsú nó conas is féidir caighdeáin reatha a choinneáil.

Bíonn próiseas cuimsitheach bailithe faisnéise agus anailíse i gceist le gach athbhreithniú, mar aon le teagmháil a dhéanamh le hoifigigh údaráis áitiúla, chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear chun feidhmeanna pleanála a chomhlíonadh. Déanaimid obair allamuigh freisin, ag tabhairt cuairt ar oifigí na n-údarás áitiúil agus ag obair i gcomhar le foireann na rannóige pleanála trí cheardlanna. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar leathanach gréasáin ár gcláir athbhreithnithe.

Go ginearálta, ag gach céim dár n-athbhreithnithe reachtúla, tá na rátálacha agus moltaí a chuirimid ar fáil beartaithe feabhas leanúnach ar nósanna imeachta láidre i ndáil le feidhmeanna reachtúla a spreagadh, agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht sheachadadh seirbhísí pleanála na n-údarás áitiúil.

Díol suntais is ea an t-athbhreithniú reachtúil a rinneamar ar Chomhairle Contae Ros Comáin a foilsíodh i rith 2025. Tugtar breac-chuntas ar phríomhthorthaí an athbhreithnithe thíos. Ina theannta sin, cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar Chomhairle Contae an Longfoirt le linn 2025, rud a léiríonn tiomantas leanúnach OPR chun cothromaíocht a chinntiú maidir le suíomhanna réigiúnacha agus comhthéacsanna pleanála.




**Fíor 5** | Athbhreithnithe le haghaidh 2025


Gleann na Cluaise, Contae na Gaillimhe

# Athbhreithniú ar Chomhairle Contae Ros Comáin

Foilsíodh athbhreithniú OPR ar fheidhmeanna pleanála Chomhairle Contae Ros Comáin i mí an Mhárta 2025. Thug sé an chéad forléargas cuimsitheach ar sheachadadh seirbhíse fheidhmeanna pleanála an údaráis áitiúil seo, lena n-áirítear a chórais, a nósanna imeachta agus a chumas eagraíochtúil.

Fuarthas san athbhreithniú go raibh rannóg pleanála Chomhairle Contae Ros Comáin ag feidhmiú le fadhbanna suntasacha i dtaobh acmhainneacht acmhainní. Mar sin féin, tugadh aitheantas do leibhéal tiomantais agus gairmiúlacht na foirne pleanála. Tugadh aitheantas freisin do leibhéal rannpháirtíochta gníomhaí agus comhoibrithe an údaráis áitiúil le linn an phróisis athbhreithnithe, lena n-áirítear comhairliúchán, ceardlanna agus an t-ábhar agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil.

I gcás Chomhairle Contae Ros Comáin, rinneadh 14 mholadh agus tugadh rátáil chriticiúil do phéire díobh. Bhí na moltaí sin dírithe ar thacú leis na baill foirne a oibríonn sa rannóg pleanála chun sásamh poist a bhaint amach agus chun an teacht aniar a bhí le feiceáil cheana féin a neartú agus a chothú, lena n-áirítear:

- **Acmhainní agus acmhainneacht:** An gá lena chinntiú go méadófar acmhainneacht sa rannóg pleanála chun tacú leis an bhfoireann a feidhmeanna éagsúla a fheidhmiú. Sainaithníodh acmhainní agus acmhainneacht theoranta na rannóige pleanála mar riosca oibríochtúil, i bhfianaise méadú ar chastacht agus ar ualaí oibre agus freagrachtaí faoi seach i bhfeidhm atá chomh tábhachtach le pleanáil in údarás áitiúil. Dá bharr sin, mhol OPR go méadófaí an líon ball foirne agus go bhfeabhsófaí pleanáil don lucht saothair chun cúiteamh a dhéanamh do neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla a d'fhéadfaí a nascadh go díreach le foireann neamhleor.



Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin

***Athbhreithniú ar Chomhairle Contae Ros Comáin, ar lean***

- **Feabhas ar Shreabhadh na hOibre agus ar Nósanna Imeachta:** Mhol OPR feabhsúcháin ar phróisis agus nósanna imeachta inmheánacha freisin, agus go dtabharfaí treoir níos soiléire chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht agus ar éifeachtúlacht na cinnteoireachta, agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Mar fhianaise don mhéid sin bhí fadhbanna sainaitheanta a bhain le líon ard iarratas neamhbhailí, méadú ar iarrataí ar thuilleadh faisnéise agus dúshláin maidir le hamlínte reachtúla a bhaint amach. In éineacht le méadú ar an líon ball foirne agus pleanáil níos fearr don sreabhadh oibre agus don lucht saothair, cinnteoidh na feabhsúcháin sin go mbeidh an seans is fearr ag rannóg pleanála Chomhairle Contae Ros Comáin a feidhmeanna reachtúla a sholáthar i gcónaí.
- **Ról straitéiseach na pleanála:** Fuarthas san athbhreithniú go raibh deis ag an rannóg pleanála ról níos mó a ghlacadh i dtionscnaimh gníomhachtaithe talún a bhrú chun cinn laistigh de struchtúir reatha na Comhairle.

Ina theannta sin, tarraingíodh béim san athbhreithniú ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht an phobail agus an gá le cumarsáid láidir idir pleanálaithe agus iarratasóirí chun seachadadh seirbhísí pleanála níos éifeachtúla a chinntiú, agus chun torthaí pleanála níos fearr a chinntiú, rud atá ríthábhachtach.

Tá OPR sa chéim monatóireachta dhá bhliain anois agus leanfaidh sé ar aghaidh ag tacú le Comhairle Contae Ros Comáin chun moltaí a chur i bhfeidhm trí threoir shoiléir agus comhairle faoi chur i bhfeidhm a chur ar fáil, agus cúnamh a sholáthar nuair is gá. Cé gurb í Comhairle Contae Ros Comáin atá freagrach as cur i bhfeidhm, leanfaidh OPR de bheith rannpháirteach lena chinntiú go mbeidh na feabhsúcháin a thagann as cur i bhfeidhm na moltaí i gcomhréir leis na riachtanais i mbeartais agus sa reachtaíocht náisiúnta.

## Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Déanann OPR monatóireacht ar an dul chun cinn tar éis gach athbhreithnithe lena chinntiú go gcuirtear moltaí i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach. Tá monatóireacht riachtanach chun sláine an phróisis a chinntiú.

Cabhraíonn maoirseacht agus monatóireacht lena chinntiú go bhfuil na hionchuir, na gníomhaíochtaí, na haschuir agus, sa deireadh, na torthaí, ailínithe chun spriocanna inmhianaithe an bheartais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil a bhaint amach.

| | | |
|---|---|---|
| **Ionchuir** | → | Córais, nósanna imeachta, agus beartais náisiúnta |
| **Gníomhaíochtaí** | → | Forfheidhmiú, pleanáil agus bainistíocht na forbartha |
| **Aschuir** | → | Pleananna forbartha a ullmhú agus aghaidh a thabhairt ar chásanna |
| **Torthaí** | → | Forbairt ar an talamh |

**Fíor 6** | Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn na nAthbhreithnithe Reachtúla

Déantar monatóireacht trí chur chuige céimnithe. Bíonn OPR i dteagmháil le húdarás áitiúil gach sé mhí tar éis fhoilsiú athbhreithnithe.

I rith 2025, bhíomar i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla seo a leanas chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí:

- **Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge**
- **Comhairle Contae Uíbh Fhailí**
- **Comhairle Contae na Mí**
- **Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas**
- **Comhairle Contae Ros Comáin**

Go ginearálta, tugann an mhonatóireacht a dhéanann OPR le fios go mbíonn moltaí athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm, nó go mbíonn dul chun cinn á dhéanamh orthu, ar fud na n-údarás áitiúil éagsúil. I measc na nithe a baineadh amach in 2025 bhí:

- Dul chun cinn ar chórais chun tacú le monatóireacht agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí i bpleananna forbartha.
- Nósanna imeachta forbartha chun tacú le seirbhísí pleanála ardchaighdeáin a sholáthar don phobal ar bhonn leanúnach. Áirítear leis sin nósanna imeachta don phleanáil chun cinn, oidhreacht ailtireachta agus láithreáin thréigthe a bhainistiú.
- Córais bainistíochta faisnéise fheabhsaithe, rud a thacóidh le hanailís, tuairisciú agus forbairt beartais. Cuirfidh sé feabhas ar inrochtaineacht faisnéise don phobal freisin.
- Dul chun cinn ar phleanáil straitéiseach don lucht saothair agus forbairt ar chláir oibre chun tacú le heagrú éifeachtach leanúnach laistigh de rannóga pleanála.
- Dul chun cinn ar nós imeachta um coimhlint leasa a fhorbairt. Tacóidh sé sin le rannóga pleanála machnamh a dhéanamh ar aon rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a neamhchlaontacht nó ar a neamhspleáchas (nó dearcadh daoine ina leith) i ndáil leis na dualgais a dhéanann siad.

Tugann an próiseas monatóireachta le tuiscint go bhfuil tionchar na ndúshlán maidir le hacmhainní le brath in údaráis áitiúla ar fud na tíre.

## 3.2 Cur i bhFeidhm athbhreithniú an Choimisiúin Pleanála, 2022

Rinne OPR próiseas cuimsitheach athbhreithnithe i ndáil le feidhmiú an Bhoird Phleanála, mar a bhí ag an am, le linn 2022. Ullmhaíodh dhá thuarascáil ar leithligh mar gheall ar an bpróiseas le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha a raibh taithí ábhartha acu. Bhí béim san athbhreithniú ar iniúchadh a dhéanamh ar láidreacht agus éifeachtacht na gcleachtas cinnteoireachta, ar eagrú na hoibre, ar shocruithe rialachais, ar láimhseáil cháschomhad, agus ar cheisteanna struchtúrtha ábhartha níos leithne.

Chuaigh OPR i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Pleanála agus le DHLGH i rith na tréimhse ó shin lena chinntiú go raibh moltaí ón bpróiseas athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tugadh an chéim cur i bhfeidhm chun críche in 2025. Mar thoradh air sin, athbhunaíodh an eagraíocht go foirmiúil le bord rialachais, feidhmeannas agus grúpa ar leithligh de choimisinéirí pleanála a dhíríonn ar chinntí pleanála, i gcomhréir leis na moltaí in athbhreithniú OPR. An t-am céanna a rinneadh an t-atheagrú sin, athraíodh an t-ainm ó an Bord Pleanála go dtí an Coimisiún Pleanála, ó mhí an Mheithimh 2025.

I measc nithe móra eile a baineadh amach mar thoradh ar athbhreithniú OPR bhí:

- earcaíodh roinnt mhaith pearsanra breise chun riachtanais ghnó na heagraíochta a chomhlíonadh;
- neartaíodh struchtúir ar leibhéal an bhoird;
- bunaíodh socruithe rialachais nua (ina measc Aonad nua um Chomhlíonadh agus Eitic agus Cód Iompair athbhreithnithe);

- tacaíocht dlí bhreisithe;
- próisis níos fearr um bainistíocht cásanna agus cinnteoireacht; agus
- béim athnuaite ar chaidreamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.

Tá na feabhsuithe ar chórais agus nósanna imeachta a eascraíonn as cur i bhfeidhm mholtaí an athbhreithnithe tar éis ligean don Choimisiún Pleanála a riaráiste de chomhaid pleanála a laghdú go suntasach, rud atá ríthábhachtach. Beidh tionchar dearfach aige seo ar fud an chórais phleanála agus ar na páirtithe leasmhara ar a bhfreastalaíonn an córas sin.

Leanfaidh OPR de chaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún Pleanála i ndáil le feabhas leanúnach ar chur ar chóras pleanála na tíre seo, lena n-áirítear ceanglais nua san Acht faoi amlínte éigeantacha do chinntí an Choimisiúin Pleanála agus sainchúram OPR a leathnú amach go dtí scrúdú a dhéanamh ar ghearáin phleanála faoin eagraíocht.

## 3.3 Athbhreithniú Téamach – Forfheidhmiú Pleanála agus Baint Móna

Cé go ndéanann OPR athbhreithnithe ar rannóga pleanála údaráis áitiúla ar leith de réir cláir, tá sé de rogha ag OPR athbhreithnithe saindírithe (nó téamacha) a dhéanamh i ndáil le saincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn in údaráis éagsúla, má measann OPR go mbeadh sé sin 'riachtanach nó cuí'.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tuarascáil i mí an Mheithimh 2025 maidir le 'Baint Móna go Neamhdhleathach ar Scála Mór'. Sainaithníodh 38 láithreán mór sa tuarascáil i limistéir feidhme seacht n-údarás áitiúil ina bhfuil oibríochtaí bainte móna ar leibhéal tionsclaíoch ar siúl gan cead pleanála.

Sainaithníodh sa tuarascáil freisin an gá le cead pleanála agus gníomhú forfheidhmithe faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (Acht 2000 agus an tAcht). Agus a tuarascáil á foilsiú aici, thug an EPA ar aird go raibh an gníomhú forfheidhmithe pleanála neamhleor agus luaigh sí go gcaithfidh údaráis a bheith níos réamhghníomhaí i rialú na ngníomhaíochtaí sin.

I bhfianaise na saincheisteanna sin a ardaíodh i dtuarascáil an EPA, chuir OPR tús le hathbhreithniú téamach chun breithniú a dhéanamh ar láidreacht na nósanna imeachta agus na bpróiseas reachtúil atá ar fáil d'údaráis áitiúla i ndáil le haghaidh a thabhairt ar bhaint móna ar scála mór. Déanfaidh athbhreithniú OPR anailís ar na dúshláin atá roimh údaráis áitiúla maidir le dul i ngleic le forbairt neamhúdaraithe agus sainaithneoidh sé na príomh-bhacainní, cibé acu an saincheisteanna amhail acmhainní, saineolas, castachtaí dlí nó teorainneacha reachtúla iad.

Áireofar leis sin breithniú ar an gcreat rialála/dlí, lena n-áirítear forálacha beartaithe an Achta. Is é cuspóir deiridh an phróisis athbhreithnithe ná gníomhartha féideartha a d'fhéadfadh an Rialtas agus earnáil na n-údarás áitiúil a dhéanamh. Maidir leis sin, tá sé beartaithe go ndéanfadh OPR moltaí foirmiúla don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in 2026, bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe.

## 3.4 Grúpa Oibre um Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht

I ndiaidh fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2024, bunaíodh roinnt grúpaí oibre chun dul chun cinn a dhéanamh ar na gníomhartha a sainaithníodh. Tugadh mar shainchúram do Ghrúpa Oibre amháin, faoi chomhchathaoirleacht Stiúrthóir Athbhreithnithe Pleanála OPR agus le hionadaithe ó earnáil na n-údarás áitiúil agus príomhpháirtithe leasmhara eile, deiseanna nuálaíochta agus éifeachtúlachta laistigh de rannóga pleanála na n-údarás áitiúil a fhiosrú.

Dhírigh an grúpa oibre ar nuálaíochtaí a fhiosrú, ina measc uirlisí digiteacha, úsáid sonraí, agus cuir chuige chomhoibríocha, a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an gcóras pleanála do bhaill foirne údaráis áitiúil agus don phobal. Sa bhreis air sin, mheas an grúpa conas a d'fhéadfaí gnáth-thascanna riaracháin agus freagrachtaí a chuíchóiriú agus a nuachóiriú chun níos mó acmhainneachta a chruthú i rannóga pleanála.

Cé gur bhreithnigh an grúpa oibre raon leathan ábhar, dhírigh dréacht-tuarascáil an ghrúpa seo, a cuireadh faoi bhráid DHLGH in 2025, ar 12 mholadh shoiléire a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa ghearrthéarma le méid réadúil ionchuir.

Le chéile, féachann na moltaí le nósanna imeachta a fheabhsú, le leas a bhaint as uirlisí agus sonraí digiteacha, le tacú le cuir chuige chomhroinnte agus chaighdeánaithe i rannóga pleanála, agus le hacmhainneacht bhreise a chruthú i rannóga pleanála. Tugann na moltaí aitheantas do dhúshláin leanúnacha maidir le hacmhainní agus maoiniú ag an am céanna.

I measc na moltaí roghnaithe tá:

| | **Moltaí** |
|---|---|
| **An Córas Náisiúnta Pleanála Digití (NDPS)** | Tacú go leanúnach le rolladh amach an NDPS, agus aird á tabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó mhapáil próiseas, digitiú agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (Intleacht Shaorga), agus cur i bhfeidhm an dea-chleachtais idirnáisiúnta i gcomhthéacs Éireannach. |
| **Aighneachtaí Comhlíonta a Bhainistiú** | Breithniú a dhéanamh ar chóras a d'aithneofaí go náisiúnta, tríd an NDPS b'fhéidir, chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanann gach údarás áitiúil aighneachtaí a bhainistiú agus a riar. |
| **Iarratais Phleanála a Fhógairt** | Scrúdú a dhéanamh ar riachtanais rialála reatha maidir le fógraí i nuachtáin chlóite, lena n-áirítear cé acu an bhféadfaí cuir chuige mhalartacha nó níos láraithe ar fhógraí pleanála a thabhairt isteach. |
| **Táillí Pleanála** | Cur i bhfeidhm na dtorthaí sa Tuarascáil ar Athbhreithniú ar Tháillí Pleanála 2024 chun aghaidh a thabhairt ar na costais a bhaineann le seachadadh na seirbhíse pleanála agus riachtanais amach anseo don chóras. |



## 3.5 Láimhseáil Cásanna

Cé go dtugtar cumhacht shonrach do OPR faoi fhorálacha reachtacha gearáin faoi údaráis áitiúla a iniúchadh, cuirimid béim ar chúnamh a thabhairt don phobal maidir le gach ceist phleanála a ardaítear linn.

Is é cuspóir OPR a bheith ina ghlór neamhspleách ag croílár an chórais pleanála, ag déanamh ionadaíochta don leas poiblí. Aithnímid go ndéanann deiseanna do phobail ábhair imní a chur in iúl agus ról a ghlacadh i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a saol forbairt inbhuanaithe a spreagadh.

Trí rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a éascú agus a spreagadh, tá sé mar aidhm ag ár gcuid oibre um láimhseáil cásanna trédhearcacht, cuntasacht agus muinín sa chóras pleanála a chur chun cinn. Ina thaobh seo, táimid tiomanta do sheirbhís do chustaiméirí den chéad scoth a sholáthar do gach duine a dhéanann comhfhreagras linn trí sheirbhísí cothroma, éifeachtacha, cúirtéiseacha agus tráthúla a sholáthar dár gcustaiméirí uile. Tá breac-chuntas ar na gealltanais sin do sheirbhís custaiméara den chéad scoth inár gCairt Custaiméirí.


Déantar teagmháil lenár bhfoireann láimhseála cásanna i ndáil le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le pleanáil. Áirítear ar na nithe sin, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Fiosruithe nó iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta, a lorgaíonn soiléiriú de ghnáth faoi conas a fheidhmíonn gné faoi leith den chóras pleanála.
- Aighneachtaí maidir le hoibriú an phróisis phleanála, ina soláthraítear tuairimí a bhaineann le beartas pleanála náisiúnta nó forálacha reachtúla, a léirítear go minic trí chás-staidéir nó fianaise eile; agus
- Gearáin, a bhíonn níos casta de ghnáth, agus ar a ndéantar plé níos mionsonraithe thíos.

Agus é sin á dhéanamh, breithníonn OPR an comhfhreagras go léir a fhaightear go cúramach chun téamaí a thagann aníos arís is arís eile a shainaithint, agus tugtar léargas leis sin ar údair imní an phobail maidir le cúrsaí pleanála. Cuireann an fhaisnéis sin bonn eolais faoinár dtuairisciú don Aire maidir le héifeachtacht phróiseas pleanála na hÉireann. Cuireann sé lenár gclár athbhreithnithe ar údaráis áitiúla freisin agus cuidíonn sé lenár dtionscnaimh oideachais, oiliúna agus taighde a mhúnlú.

Le linn 2025, d'oscail OPR 252 cás nua maidir le raon leathan ceisteanna pleanála.

Cé gur dtarraingíonn baill den phobal saincheisteanna éagsúla anuas, baineann mórán acu seo le hábhair lasmuigh de scóip shainchúram OPR. Ina measc seo bhí cásanna a cuireadh faoi bhráid údaráis áitiúla agus/nó ACP lena gcinneadh nó cásanna a cuireadh ar aghaidh cheana féin chuig comhlachtaí poiblí eile faoi shainordú. I gcásanna mar sin, cuirimid custaiméirí i dteagmháil leis na húdaráis, na gníomhaireachtaí nó na comhlachtaí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ar an dream is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna nó na fiosruithe a ardaíodh.




**Físr 7** | Cásanna OPR 2025


## Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna

### Cineál Custaiméara

Baill den phobal ba ea iad formhór mór na gcustaiméirí a chuir cásanna isteach chuig OPR in 2025. Ina theannta sin, d'iarr lucht sainleasa tráchtála, údaráis áitiúla, ionadaithe tofa, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí leasmhara cúnamh ó OPR le linn 2025. Tá an miondealú ar chustaiméirí de réir cineáil le fáil anseo.

| An Treocht maidir le Láimhseáil Cásanna | Líon |
|---|---|
| Ball den phobal | 179 |
| Tráchtáil | 37 |
| Údarás áitiúil | 9 |
| Eagraíocht Rialtais | 6 |
| Eagraíocht neamhrialtasach (ENR)/ Sainghrúpa leasa | 8 |
| Polaitiúil | 12 |
| Na Meáin | 1 |
| **Iomlán** | **252** |

**Tábla 9** | Miondealú ar Chustaiméirí de réir Cineáil in 2025




Dún Mór, Contae Phort Láirge

## Miondealú Geografach de réir Údarás Áitiúil

Ní bhaineann gach cás lena ndéileálann OPR le húdarás áitiúil nó limistéar ar leith. Baineann go leor acu leis an gcóras pleanála i gcoitinne, agus is féidir le saincheist ar leith roinnt cásanna a ghiniúint, amhail aighneachtaí ar phlean forbartha ar leith atá faoi réir athbhreithnithe/comhairliúchán poiblí.

Mar shampla, fuair muid roinnt aighneachtaí i ndáil le Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2024-2030.

Ar ndóigh, gineann údaráis áitiúla ina bhfuil daonra níos mó líon níos mó cásanna de ghnáth. Idir 2020-2025, bhain an líon is airde comhfhreagrais le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairlí Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, na Mí, Fhine Gall, Chill Mhantáin agus Chorcaí.




| Contae | Iomlán |
|---|---|
| Ceatharlach | 12 |
| An Cabhán | 11 |
| An Clár | 28 |
| Cathair Chorcaí | 35 |
| Contae Chorcaí | 54 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 69 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 52 |
| Dún na nGall | 26 |
| Fine Gall | 71 |
| Cathair na Gaillimhe | 32 |
| Contae na Gaillimhe | 33 |
| Ciarraí | 37 |
| Cill Dara | 44 |
| Cill Chainnigh | 10 |
| Laois | 10 |
| Liatroim | 6 |
| Luimneach | 47 |
| An Longfort | 8 |
| Lú | 38 |
| Maigh Eo | 41 |
| An Mhí | 73 |
| Muineachán | 5 |
| Uíbh Fhailí | 16 |
| Ros Comáin | 20 |
| Sligeach | 21 |
| Áth Cliath Theas | 44 |
| Tiobraid Árann | 19 |
| Port Láirge | 31 |
| An Iarmhí | 15 |
| Loch Garman | 20 |
| Cill Mhantáin | 57 |

**Fíor 8** | Miondealú Tíreolaíoch ar Chásanna lena n-áirítear Gearáin, Fiosruithe agus Aighneachtaí 2020-2025

## Cásanna de réir na dTéamaí

Is minic gurb iad na téamaí is coitianta saincheisteanna inar féidir le OPR cúnamh a thabhairt do chustaiméirí trí fheidhmiú an chórais phleanála a shoiléiriú agus trí chomhairle a thabhairt maidir leis na conairí iomchuí trínar féidir dul i ngleic leis an gcóras sin. De ghnáth, ní saincheisteanna a thagann chun cinn arís is arís eile iad na saincheisteanna a mbíonn scrúdú foirmiúil OPR mar thoradh orthu.


Tháinig téamaí soiléire chun cinn inár láimhseáil cásanna le linn 2025. Ba é barúlacha faoi **iarratais phleanála ar leith** an príomhthéama arís in 2025. Cé nach bhfuil ról ag OPR maidir le hiarratais phleanála ar leith, cinntímid mar sin féin go mbíonn treoir chuí ag custaiméirí i gcónaí maidir leis an bpróiseas bainistíochta forbartha agus na bealaí reachtúla ábhartha atá ar fáil dóibh.

Cruthaíodh líon mór comhfhreagrais freisin mar gheall ar an imní a bhí i measc an phobail maidir le **forfheidhmiú pleanála**. Bhain cuid mhór de na cásanna a ardaíodh le cásanna sonracha d'fhorbairt neamhúdaraithe. Chiallaigh sé seo nach raibh siad oiriúnach do shainchúram OPR agus gur shaincheisteanna iad do na húdaráis áitiúla ábhartha. Agus cásanna a bhaineann le cúrsaí forfheidhmithe á mbreithniú, is é príomhsprioc OPR a fháil amach an bhfuil na córais agus na nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun a bhfeidhm fhoriomlán fhorfheidhmithe a chomhlíonadh go héifeachtach.

Tháinig **beartas náisiúnta** chun cinn go minic in 2025. Cé nach téama mór a bhí ann sna blianta roimhe sin, léiríonn a mhinice a tháinig saincheisteanna beartais chun cinn i mbliana go bhfuil sé ag éirí níos tábhachtaí soiléire agus comhsheasmhacht a chinntiú agus cuspóirí beartais pleanála á gcur i bhfeidhm.

Bhí **an próiseas um pleananna reachtúla a dhéanamh** mar chuid shuntasach den chomhfhreagras ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. Ina thaobh seo, tá ról neamhspleách ag OPR maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhréachtphleananna forbartha lena chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach le beartas agus reachtaíocht pleanála náisiúnta agus réigiúnach. Dá réir sin, ní chuireann OPR aighneachtaí san áireamh a d'fhéadfadh a bheith curtha isteach ag páirtithe leasmhara maidir le pleananna ar leith a dhéanamh ach soláthróidh sé soiléireacht maidir leis na próisis lena mbaineann.

Tháinig **saincheisteanna dlí agus úinéireachta** chun cinn mar phríomhthéama in 2025. Bhain méid mór den chomhfhreagras le cearta slí poiblí, socruithe rochtana agus díospóidí faoi theorainneacha. Is de chineál dlíthiúil iad saincheisteanna den sórt sin agus meastar gur nithe sibhialta iad, seachas nithe pleanála.




**Fíor 9** | Príomhthéamaí Cásanna in 2025

### Bainistíocht Cásanna a Nuachóiriú trí chur i bhfeidhm CRM

Ó thús 2025, mar iarracht chun prionsabail an fheabhsaithe leanúnaigh agus seirbhísí a dhíríonn ar chustaiméirí a chur i bhfeidhm, d'aistrigh an Fhoireann Athbhreithnithe agus Scrúduithe ó phróiseas láimhe, go príomha, chun cásanna a bhainistiú, go dtí córas bainistíochta cáis comhtháite. Bunaíodh an Córas Bainistíochta Cáis (CMS) saincheaptha seo ar struchtúir Bainistithe Caidrimh le Custaiméirí (CRM). Ba é 2025 an chéad bhliain iomlán ina raibh an CMS nua seo i bhfeidhm. Ba chéim mhór é sin in uasghrádú bonneagair oibriúcháin OPR agus i gcur chuige níos struchtúrtha agus le cúnamh ón teicneolaíocht a ghlacadh i láimhseáil cásanna.

Tar éis an CMS a úsáid ar feadh na bliana go léir, tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht agus ar mhaoirseacht ar shaolré cásanna. Dá bharr sin, is féidir tuairisciú níos cruinne a dhéanamh, cloí níos fearr le spriocanna ó thaobh freagairt do chásanna, agus rianú níos éifeachtúla a dhéanamh ar chomhfhreagras, gníomhartha agus dul chun cinn cásanna, i gcomparáid le próisis riaracháin a bhí in úsáid roimhe seo. Tá feabhas tagtha ar bhainistíocht faisnéise leis an gcóras seo freisin, agus ar fheidhmiúlacht iniúchta. Tá laghdú tagtha ar dhúbailt riaracháin agus tá tacaíocht níos fearr á tabhairt do mhaoirseacht gníomhaíochtaí. Déanann an CMS soláthar do léargais straitéiseacha agus anailís ar shonraí, agus cuireann sé níos mó deiseanna ar fáil chun réimsí imní, agus treochtaí agus patrúin atá ag teacht chun cinn, a shainaithint agus coinne a bheith leo.

Le chéile, tá méadú curtha ag na feabhsúcháin sin ar chumas OPR seirbhís thráthúil, thrédhearcach agus fhreagrúil do chustaiméirí a chur ar fáil, rud a chinntíonn go mbainistítear caidreamh le páirtithe leasmhara ar bhealach níos éifeachtúla.

## 3.6 Scrúdú ar Ghearáin

Tá OPR tiomanta do shásra cothrom agus neamhspleách a chur ar fáil chun gearáin a scrúdú agus beimid i dteagmháil agus cabhróimid, nuair is féidir, leo siúd a chuirfidh gearáin faoinár mbráid. Mar sin féin, leagtar síos sa reachtaíocht pleanála tairseach ard le haghaidh scrúdú foirmiúil OPR a dhéanamh ar ghearán.

Le go n-aithneofar gearán a bheith bailí, ní mór baint a bheith aige le heagrú an údaráis áitiúil ábhartha agus leis na córais agus nósanna imeachta a úsáideann sé lena fheidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh. Ba cheart do chustaiméirí iarracht a dhéanamh ar dtús a ngearán a réiteach leis an údarás áitiúil ábhartha trí shásraí athbhreithnithe foirmiúla nó trína nós imeachta inmheánach um ghearáin roimh theagmháil a dhéanamh le OPR. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar an leathanach gearán ar ár suíomh gréasáin.

Cé go mbítear in ann réiteach simplí a fháil ar chásanna áirithe, baineann mionsonraí teicniúla leathana agus casta le cuid mhór dár n-ualach cásanna, agus d'fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith de dhíth chun an toradh is fearr a bhaint amach. Uaireanta, bíonn gá le caidreamh leanúnach leis an ngearánaí agus leis an údarás áitiúil ábhartha araon. Cinntítear leis an gcur chuige cuimsitheach seo go saothraítear tuiscint chuimsitheach ar chastachtaí an cháis lena mbaineann agus go n-éascaítear réitigh éifeachtacha.

Tá sé tábhachtach a rá go bhfuil feidhm láimhseála gearán OPR difriúil le sásraí láimhseála gearán eile cosúil leo siúd a bhíonn ag na húdaráis áitiúla agus ag Oifig an Ombudsman. Is amhlaidh an cás toisc nach ndíríonn OPR ar na himthosca ar leith ná ar an tionchar diúltach, ach ar na fadhbanna le nósanna imeachta nó córais a luaitear nó a shainaithnítear mar rudaí is siocair le gearáin den sórt sin.

Mar shampla, nuair atá gearán oiriúnach dár sainchúram reachtúil, déanfaimid réamhscrúdú ar na saincheisteanna a luaitear ann.

Baineann mionscrúdú teicniúil agus bailiú faisnéise ábhartha leis seo, lena n-áirítear fáisnéis ón údarás áitiúil lena mbaineann. Sa chás go seastar le gearán, is féidir go n-eiseoimid moltaí chuig an údarás áitiúil chun feabhsuithe a chinntiú ar an gcaoi a seachadann sé a sheirbhísí pleanála. Sa chás nach seastar le gearáin, féadfaimid fós comhairle a chur ar fáil nó dea-chleachtas a chomhroinnt ó údaráis áitiúla eile chun foghlaim chomhroinnte agus feabhsuithe a chothú.

Trínár bhfeidhm ghearán, déanaimid monatóireacht ar éifeachtacht chórais phleanála na hÉireann, déanaimid ár ndícheall feabhsuithe a dhéanamh, nuair is féidir, roinnimid léargais agus tugaimid aird ar fheabhsuithe cleachtais a dhéantar in údaráis áitiúla éagsúla.

### Gníomhaíocht Láimhseála Gearán

As na 124 gearán a fuarthas i rith 2025, rinne OPR 33 scrúdú foirmiúil i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna forálacha reachtúla. Bhain na scrúduithe sin le hábhair nós imeachta a bhain leis an gcaoi a riar údaráis áitiúla a bhfeidhmeanna pleanála. Áiríodh leo sin forbairt an údaráis áitiúil féin ('Cuid 8'), saincheisteanna comhlíonta, fógraí do thríú páirtithe, nósanna imeachta scagtha, córais phleanála ar líne, caomhantais ailtireachta, comhairliúchán poiblí agus/nó próisis bhailíochtaithe.

Seasadh le cúig cinn de na gearáin sin. Bhain ábhair inar seasadh le gearáin fúthu le saincheisteanna nós imeachta, amhail freagrachtaí forfheidhmithe pleanála a sheachadadh, aighneachtaí comhlíonta pleanála a bhainistiú, agus moilleanna ar dhearbhuithe
Cuid 5 a phróiseáil agus a fhoilsiú.

I gcásanna inar seasadh le gearáin, rinne OPR moltaí sonracha don údarás áitiúil ábhartha, moltaí a bhí ceaptha feabhas ar nósanna imeachta a chinntiú.

Tar éis moltaí a dhéanamh leanann OPR de chaidreamh a dhéanamh leis an údarás ábhartha lena chinntiú go ndéantar nósanna imeachta a nuashonrú.

### Líonra Tacaíochta na nÚdarás Áitiúil um Ghearáin

In 2025, lean OPR de 'Líonra Tacaíochta na nÚdarás Áitiúil um Ghearáin' a chomhordú, lena n-áirítear ceardlann ar an láthair a éascú do chomhaltaí mar chuid dá chlár leanúnach.

Tacaíonn an líonra seo le húdaráis áitiúla chun gearáin a bhaineann le pleanáil a láimhseáil go héifeachtach, rud a chuireann le seirbhísí pleanála ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal. Cuireann sé cumarsáid fheabhsaithe, comhoibriú agus malartú eolais feabhsaithe idir údaráis áitiúla, OPR agus gníomhaireachtaí ábhartha Stáit eile chun cinn freisin.

Tríd an líonra, cuirtear deiseanna ar fáil do chomhaltaí chun saineolas a roinnt, foghlaim ón dea-chleachtas agus cuir chuige chomhoibríocha a fhiosrú i réimsí tábhachtacha amhail láimhseáil gearán, próisis scrúdaithe agus cumarsáid le páirtithe leasmhara.

## 3.7 Cás-Staidéir: Gearáin a d'Fhiosraigh OPR

Léiríonn na cas-staidéir seo a leanas scrúdú foirmiúil OPR ar ghearáin agus an ról is féidir lena fheidhm láimhseála cásanna a imirt maidir le feidhmíocht údaráis áitiúil.

Nuair a scrúdaíonn OPR gearán, oibrímid leis an údarás áitiúil ábhartha chun an cás a thuiscint agus chun aon fhadhbanna a réiteach a luaithe agus is féidir. Bíodh agus nach seasfar le gach gearán a bheidh faoi réir scrúdaithe, oibríonn OPR le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar na caighdeáin seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal tríd an gcóras pleanála.

# Cás-Staidéar 1 - Seasadh leis an ngearán:

## Comhlíonadh freagrachtaí forfheidhmithe pleanála



### Achoimre ar an nGearán

Tar éis roinnt gearán a fháil faoin gcaoi ar láimhseáil údarás áitiúil cásanna forfheidhmithe pleanála éagsúla agus faoin dul chun cinn a rinne siad orthu, rinne OPR scrúdú ar na córais agus nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chun an fheidhm reachtúil thábhachtach seo a chur i bhfeidhm. Thug na hábhair a luadh sna gearáin éagsúla breac-chuntas ar chomhlíonadh pleanála agus cásanna forbartha neamhúdaraithe a bhí ardaithe leis an údarás áitiúil ach nach ndearnadh dul chun cinn orthu nó nár tugadh freagra orthu ar feadh tréimhsí fada. Sa bhreis air sin, thug roinnt gearánach le fios gur cuireadh in iúl dóibh go raibh acmhainní na rannóige pleanála mar chuid den chúis nár freastalaíodh ar chásanna.

### Anailís agus Torthaí

Le chéile, léirigh na gearáin cásanna leanúnacha de ghníomhaíocht fhorfheidhmithe nár cuireadh chun cinn i gcomhréir le nósanna imeachta caighdeánacha agus nach ndearna an rannóg pleanála caidreamh le gearánaigh sa bhealach agus sa tréimhse ama a raibh coinne leis.

Sa bhreis ar scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna a d'ardaigh gearánaigh, mheas OPR mionsonraí i dTuarascálacha an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta maidir le Táscairí Feidhmíochta d'Údaráis Áitiúla, inar taispeánadh gor raibh beagnach 800 cás forfheidhmithe idir lámha ag deireadh na bliana, agus nár dúnadh ach níos lú ná 35 cás sa dá bhliain roimhe sin.

Ina theannta sin, bunaithe ar chaidreamh díreach leis an rannóg pleanála, ba léir nach raibh an t-údarás áitiúil ag úsáid a dhóthain acmhainní chun dul chun cinn a dhéanamh ar a riaráiste cásanna forfheidhmithe.

### Cinneadh

Cuireann reachtaíocht pleanála freagracht shoiléir ar údaráis áitiúla chun dul i mbun gnímh i ndáil le sáruithe ar phleanáil, lena n-áirítear amlínte a shonrú chun dul chun cinn a dhéanamh ar ábhair. Chomh maith leis sin, léiríonn treoirlínte ón Rialtas go bhfuil seirbhís fhorfheidhmithe réamhghníomhach ríthábhachtach chun sláine an chórais phleanála agus éifeachtacht bheartais forbartha a choinneáil ar bun.

Cé go bhfuil ualach mór cásanna forfheidhmithe ag na húdaráis áitiúla go léir, mar gheall ar an bhfianaise theoranta ar dhul chun cinn ar sháruithe pleanála a tuairiscíodh agus mar gheall ar úsáid neamhleor na n-acmhainní a theastaíonn chun dul i ngleic lena bhfreagrachtaí forfheidhmithe, seasadh leis an ngearán foriomlán.

Agus é ag seasamh leis an ngearán, chuir OPR in iúl don údarás nach mór tús áite a thabhairt anois d'acmhainní a leithdháileadh dá fheidhm fhorfheidhmithe, lena n-áirítear monatóireacht agus tuairisciú inmheánach. Ina theannta sin, ceanglaíodh ar an rannóg pleanála straitéis inmheánach a ullmhú chun tús áite a thabhairt do dhul chun cinn a dhéanamh ar a hualach oibre forfheidhmithe.

# Cás-Staidéar 2 - Seasadh leis an ngearán:

## Iarratais maidir le forbairt dhíolmhaithe a phróiseáil go tráthúil



### Achoimre ar an nGearán

Déantar foráil le reachtaíocht pleanála go bhféadfaidh duine dearbhú foirmiúil a iarraidh ar údarás áitiúil faoi cibé an bhfuil forbairt bheartaithe díolmhaithe ón riachtanas maidir le cead pleanála (dá dtagraítear mar dhearbhú Chuid 5, go minic). Ardaíodh gearán le OPR maidir le moill údarás gearáin den sórt sin a phróiseáil.

### Anailís agus Torthaí

Tá coinne leis sa reachtaíocht go n-eiseoidh údaráis áitiúla dearbhuithe faoi fhorbairtí díolmhaithe laistigh de cheithre seachtaine ó iarratas a fháil agus go bhfoilseofar dearbhuithe ar líne trí lá ina dhiaidh sin. Agus an cás á bhreithniú aige, thug OPR ar aird nár foilsíodh dearbhuithe ar shuíomh gréasáin an údaráis ábhartha sna míonna roimhe sin.

Agus freagra ar an gcás á thabhairt aige, dheimhnigh an t-údarás áitiúil gur tháinig riaráiste chun cinn ó thaobh iarratais ar dhearbhú forbairtí díolmhaithe i gcaitheamh roinnt míonna de bharr easnaimh foirne agus folúntais nár líonadh sa rannóg pleanála.

Tar éis do OPR an t-ábhar a ardú, dheimhnigh an t-údarás áitiúil gur chuir an rannóg pleanála béim ar iarratais a bhí carntha a phróiseáil, agus gur thug sí roinnt mhaith cásanna chun críche, go ndearna sí cigireachtaí agus gur dhréachtaigh sí tuairiscí d'fhormhór na gcásanna a bhí gan réiteach.

### Cinneadh

Cé gur thosaigh an t-údarás áitiúil ag dul i ngleic leis na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán, bhí údar leis an ngearán agus seasadh leis, ós rud é nár comhlíonadh na caighdeáin reachtúla a raibh coinne leo chun iarratais a phróiseáil go tráthúil ar feadh roinnt míonna.

Cé go bhféadfaidh rannóga pleanála tús áite a thabhairt do phróiseáil gnáth-iarratas pleanála, de ghnáth, féadfaidh moill ar phróiseáil iarratas maidir le forbairt dhíolmhaithe tionchar a imirt ar dhul chun cinn forbairtí beartaithe, agus is tábhachtach caitheamh le hiarratais den sórt sin leis an ord tosaíochta a bhfuil coinne leis sa reachtaíocht. Tar éis scrúdú a dhéanamh aige ar an ngearán, tá OPR fós ag déanamh monatóireachta ar fheidhmíocht an údaráis maidir leis sin.

# Cás-Staidéar 3 - Gearán nár seasadh leis:

## Fógraí a thabhairt do pháirtithe leasmhara maidir le forbairtí údaráis áitiúil



### Achoimre ar an nGearán

Rinne roinnt páirtithe leasmhara aighneachtaí foirmiúla i ndáil le scéim um thaisteal gníomhach a bhí beartaithe a sheachadadh trí na socruithe a cheadaítear sa reachtaíocht d'fhorbairt údaráis áitiúil (dá dtagraítear mar scéimeanna 'Cuid 8').

Faoi na forálacha reachtúla ábhartha, ba cheart do chomhaltaí tofa na comhairle ábhartha fógra a thabhairt do pháirtithe leasmhara a dhéanann aighneachtaí faoin gcinneadh deiridh tar éis scéimeanna a cheadú nó a dhiúltú. Líomhnaíodh sa ghearán nár tugadh fógraí sa chás seo agus go raibh imní ann go raibh leasuithe déanta ar an scéim, i gcomparáid lenar moladh ar dtús.

Agus breithniú á dhéanamh aige ar ghearán den sórt sin, díríonn OPR ar láidreacht na gcóras agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm, seachas ar an bhforbairt áirithe a moladh nó a ceadaíodh. Dá bharr sin, bhain scrúdú OPR ar an ábhar le comhlíonadh foriomlán an údaráis le céimeanna nós imeachta le linn dó tograí Chuid 8 a bhainistiú.

### Anailís agus Torthaí

Tá riachtanas chun fógra a thabhairt do pháirtithe leasmhara a bhfuil aighneachtaí foirmiúla déanta acu i ndáil le tograí forbartha Chuid 8 leagtha amach go soiléir sna Rialacháin Phleanála. Trí rannpháirtíocht leis an údarás áitiúil sa chás seo, cuireadh fianaise ar fáil ar litreacha fógra a seoladh chuig na páirtithe leasmhara ábhartha. Tugadh ar aird freisin gur foilsíodh an cháipéisíocht ábhartha ar líne tríd an tairseach pleanála.

Ina theannta sin, tugadh faoi deara, cé go raibh leasuithe déanta ar an togra bunaidh don scéim, bhí na leasuithe sin san áireamh sa rún a ghlac na comhaltaí tofa agus togra Chuid 8 á cheadú acu. Dá bharr sin, níl aon cheanglas reachtúil ann maidir le tuilleadh comhairliúcháin phoiblí i gcás ina dtugtar leasuithe isteach trí thogra a bheith ceadaithe ag na comhaltaí tofa.

### Cinneadh

Tríd is tríd, fuair OPR go raibh nósanna imeachta inmheánacha iomchuí i bhfeidhm ag an údarás áitiúil chun tograí Chuid 8 a riar, lena n-áirítear treoir shoiléir maidir leis na céimeanna is gá a ghlacadh le linn an phróisis, agus gur tugadh breac-chuntas soiléir ar na céimeanna atá le glacadh chun fógra a thabhairt do pháirtithe leasmhara faoin gcinneadh deiridh ar thogra. Níor tháinig OPR ar fhianaise maidir le heasnaimh sna nósanna imeachta agus níor seasadh leis an ngearán.

# 4 Oideachas, Oiliúint, Taighde, Cumarsáid agus Anailís Sonraí

- **Oideachas agus Oiliúint**
- **Taighde**
- **Cumarsáid agus Anailís Sonraí**



Cathair na Mart, Contae Mhaigh Eo

**I rith 2025, sholáthair OPR cláir oideachais agus oiliúna do chomhaltaí tofa agus do bhaill foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach i gcomhréir le forálacha Alt 31Q(1) d'Acht 2000.**

## 4.1 Oideachas agus Oiliúint

Tháinig Cuid 18 den Acht i bhfeidhm an 31 Nollaig 2025. I gcomhréir le forálacha Alt 549(1), ní mór do OPR cláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do chomhaltaí agus do bhaill foirne údarás áitiúil, thionól réigiúnach agus ACP. Díreoidh an oiliúint ar an ról atá ag údaráis, tionóil agus ACP den sórt sin faoin Acht agus ar ábhair a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear nithe a mheasann OPR a bheith ábhartha dá fheidhmeanna.

### Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa

Cuireadh clár oiliúna pleanála 2025 do chomhaltaí tofa údarás áitiúil agus tionól réigiúnach i láthair i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG).


Thug sainchainteoirí cuir i láthair ar ardchaighdeán do chomhaltaí tofa maidir leis na topaicí seo a leanas:

- An méid a Foghlaimíodh ó Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh
- Cistí Tairbhe Pobail agus Foinsí Inathnuaite Fuinnimh
- Plé le Folúntas agus Dearóiliú
- An Comhthéacs Pleanála Athraitheach agus na Treoirlínte Nua ón Aire faoi Alt 28 d'Acht 2000

### An méid a Foghlaimíodh ó Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh

Reáchtáladh an chéad imeacht oiliúna dar teideal **An méid a Foghlaimíodh ó Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh** ar líne i mí Eanáir i gcomhar le Fieldfisher LLP. Sna cuir i láthair, soláthraíodh:

- Forbhreathnú ar an gcásdlí ábhartha; agus
- Príomh-ábhair foghlama do chomhaltaí tofa ar leagadh béim orthu i gcomhthéacs a bhfeidhm um pleananna reachtúla a dhéanamh.




**Fíor 10** | Oiliúint na gComhaltaí Tofa 2025, Topaicí

### Cistí Tairbhe Pobail agus Foinsí Inathnuaite Fuinnimh

Cuireadh an dara imeacht oiliúna, a dhírigh ar **Chistí Tairbhe Pobail agus Foinsí Inathnuaite Fuinnimh** i láthair ar líne i mí an Mhárta, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DCEE) agus le Comhpháirtíocht Forbartha Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí Theoranta (SECAD). Cuimsíodh leis an oiliúint:

- Aistriú Aeráide agus Fuinnimh na hÉireann a Phleanáil: Tairbhí Pobail;
- Cistí Tairbhe Pobail faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite; agus
- Bainistíocht an Chiste Tairbhe Pobail.

### Plé le Folúntas agus Dearóiliú

Cuireadh an tríú imeacht oiliúna, dar teideal **Plé le Folúntas agus Dearóiliú**, i láthair i gcomhar le DHLGH, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Chuimsigh na cuir i láthair:

- Aghaidh a Thabhairt ar Fholúntas agus Dearóiliú – Beartas agus Tacaíochtaí;
- Plé le Folúntas agus Dearóiliú agus An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe; agus
- Maoin Dhearóil agus Fholamh a Ghníomhachtú ag Úsáid Cumhachtaí Ceannaigh Éigeantaigh.

### An Comhthéacs Pleanála Athraitheach agus na Treoirlínte Nua ón Aire faoi Alt 28 d'Acht 2000

Sa cheathrú imeacht oiliúna, rinneadh plé ar **an gComhthéacs Pleanála Athraitheach agus na Treoirlínte Nua ón Aire faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt.** Reáchtáladh an chéad imeacht oiliúna ar an láthair ar dhá lá ar leithligh i mí na Samhna. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Rannpháirtíocht leis na cuspóirí beartais atá mar bhonn taca leis na Treoirlínte ón Aire maidir le Cur i bhFeidhm NPF: Treoirlínte maidir le Riachtanais Fáis Tithíochta (a foilsíodh i mí Lúil 2025); agus
- An Oifig um Ghníomhachtú Tithíochta.

## Oiliúint do Bhaill Foirne Údarás Áitiúil agus Tionól Réigiúnach

I gcomhréir leis na forálacha in Alt 31Q(1)(b) d'Acht 2000, rinne OPR cláir oideachais agus oiliúna le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach i dtaca le nithe a mheasann OPR a bheith ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil nó an tionóil réigiúnaigh, go háirithe na feidhmeanna a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

Sa bhliain 2025, reáchtáil OPR cúig imeacht oiliúna pleanála ar líne a dearadh go sonrach chun freastal ar riachtanais oiliúna bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach. Tugadh cuireadh do chomhaltaí agus do bhaill foirne ACP freastal ar na himeachtaí sin mar aitheantas ar an méadú ar ról oiliúna OPR, dá bhforáiltear san Acht.

### An Oidhreacht Thógtha agus Athnuachan Bailte

Bhain an chéad imeacht oiliúna do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach in 2025 leis an ábhar, **An Oidhreacht Thógtha agus Athnuachan Bailte** agus cuireadh i láthair é ar líne i mí Feabhra i gcomhar le DHLGH agus Comhairle Contae Mhaigh Eo. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Ár mBailte Stairiúla a Chosaint agus a Fheabhsú: Cur Chuige Comhtháite maidir le hAthnuachan; agus
- Forbairt i mBailte Stairiúla a Chur Chun Cinn: Scéal Chathair na Mart.

### Cur i bhFeidhm an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024

Cuireadh an dara himeacht oiliúna, dar teideal **Cur i bhFeidhm an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024**, i láthair ar líne i mí Aibreáin i gcomhar le DHLGH. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Forbhreathnú ar Athchóiriú Pleanála;
- Príomhbhearta san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024; agus
- An Plean Cur i bhFeidhm agus an Sceideal um Thosach Feidhme.

### Gníomhachtú Talún Athfhorbraíochta

Dhírigh an tríú imeacht oiliúna ar **Gníomhachtú Talún Athfhorbraíochta** agus cuireadh i láthair é ar líne i mí na Bealtaine i gcomhar le Mitchell McDermott, Sainchomhairleoirí Tógála, An Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Tuarascáil Sraithe Taighde OPR (RSR) RSR01 ar Ghníomhachtú Talún Athfhorbraíochta;
- Talamh Athfhorbraíochta Poiblí a Ghníomhachtú le haghaidh Tithe Nua; agus
- Athbheochan Talún Athfhorbraíochta a Ghníomhachtú: Cur Chuige Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

### Pleananna Iompair Áitiúil agus an Próiseas um Pleananna Reachtúla a Dhéanamh

Sa cheathrú imeacht oiliúna, rinneadh plé ar **Phleananna Iompair Áitiúil agus an Próiseas um Pleananna Reachtúla a Dhéanamh** agus cuireadh i láthair é ar líne i mí an Mheithimh i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann (TII). Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Pleananna Iompair Áitiúil, Ceachtanna a Foghlaimíodh agus Athbhreithniú ar Mhodheolaíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair um Measúnú Iompair Limistéar-Bhunaithe; agus
- Taithí ar Phlean Iompair Áitiúil a Ullmhú.

### Feabhsúcháin ar Ríocht Phoiblí Bhaile Átha Luain

Cuireadh an cúigiú imeacht oiliúna, dar teideal **Feabhsúcháin ar Ríocht Phoiblí Bhaile Átha Luain**, i láthair ar líne i mí na Samhna i gcomhar le Comhairle Contae na hIarmhí. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Feabhsúcháin ar Ríocht Phoiblí Bhaile Átha Luain - Dearcadh Comhairleora Áitiúil;
- Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, cúlra agus rún an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (URDF); agus
- An Creat um Dhearadh agus Athghiniúint Uirbeach: Lárionad Fáis Réigiúnaigh a Thógáil.

## Straitéis Oiliúna d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil maidir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

In 2025, d'fhorbair agus chomhaontaigh OPR 'Straitéis Oiliúna d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil maidir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024' (An Straitéis) i gcomhar le DHLGH agus CCMA.

Is é is aidhm don Straitéis cur i bhfeidhm éifeachtúil agus éifeachtach an Achta a chinntiú trí oiliúint chuí agus spriocdhírithe a chur ar fáil do bhaill foirne ábhartha na n-údarás áitiúil.

I gcomhréir leis an Straitéis, bhí OPR freagrach as oiliúint ar an láthair a rolladh amach, agus í le cur ar fáil thar dhá lá ag ceithre shuíomh réigiúnacha ar fud na tíre. Cuireadh lá 'athbhreithnithe' san áireamh do bhaill foirne nach mbeadh in ann freastal ar an oiliúint ina n-ionad réigiúnach ainmnithe.

Bhí seisiún faisnéise faoin reachtaíocht nua le cur i láthair ag DHLGH ar an gcéad lá, agus ina dhiaidh sin ábhar dlíthiúil ó Fieldfisher LLP. Bhí an lá le críochnú le comhairle phraiticiúil a bhí le tabhairt ag gairmí pleanála cuícháilithe ón earnáil rialtais áitiúil faoi chur i bhfeidhm an Achta. Bhí an dara lá beartaithe ceithre seachtaine ina dhiaidh sin, i bhfoirm ceardlainne a bhí ceaptha a bheith níos idirghníomhaí agus deis a thabhairt anailís agus rannpháirtíocht níos déine a dhéanamh.

I R4 2025, reáchtáil OPR naoi n-imeacht oiliúna ar an láthair (i.e. an chéad Phacáiste oiliúna) faoi Chuid 3 den Acht a phléann le Pleananna, Beartais agus Ábhair Ghaolmhara. Reáchtáladh an oiliúint i bPort Láirge, Corcaigh, Gaillimh agus Port Laoise, agus bhí lá breise ann (lá athbhreithnithe) i Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath.

I R4 freisin, chuir OPR tús leis an ullmhúchán le haghaidh an dara Pacáiste oiliúna, faoi Chuid 4 den Acht a phléann le Toiliú Forbartha. Cuireadh ionaid in áirithe agus dearbhaíodh cainteoirí don naoi n-imeacht a reáchtálfar go luath i R1 2026.

## Oiliúint Pleanála le haghaidh Bhaill Foirne an Choimisiúin Pleanála

Reáchtáil OPR imeacht oiliúna leath lae i mí na Samhna faoin téama Pleanáil Iompair le haghaidh bhaill foirne ACP, mar chuid de Shraith Oiliúna an Fhómhair. I measc na n-ábhar a cuimsíodh bhí:

- Forbhreathnú ar Phleanáil Iompair – Comhthéacs Idirnáisiúnta agus na hÉireann;
- Measúnuithe Iompair – Ullmhúchán agus Modheolaíocht agus Dearcadh an Údaráis Áitiúil;
- Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) agus Pleanáil agus Dearcadh an Údaráis Áitiúil; agus
- Nuashonruithe faoi Phríomhbhonneagar Iompair.

## Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha

I rith 2025, lean OPR air ag obair i gcomhar le CCMA, DHLGH agus Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG) ar fhorfheidhmiú Straitéis Foghlama agus Forbartha Earnáil Pleanála an Údaráis Áitiúil.

Déanann Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála (PSTG) maoirseacht ar an gclár oibre a bhaineann le forbairt agus soláthar na hoiliúna mar chuid den straitéis. Tá ionadaithe de chuid CCMA, na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), DHLGH, OPR agus LASNTG ina mbaill de PSTG.



**826**

ball foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh **oiliúna in 2025**

**640**

comhalta tofa na n-údarás áitiúil a chláraigh le haghaidh **oiliúna in 2025**

**Fíor 11** | Tinreamh Oiliúna 2025

Leanadh leis na cúrsaí Bunghnéithe Pleanála a chur ar fáil i rith 2025 sna cúig ionad oiliúna réigiúnacha atá ag LASNTG (Baile Cúlann, Ros Cré, Caisleán an Bharraigh, Srath an Urláir agus Baile an Chollaigh).

San oiliúint ar Bhunghnéithe Pleanála, pléitear an méid seo a leanas:

- Riarachán Pleanála;
- Bainistíocht Forbartha;
- Pleanáil Fhorfheidhmithe; agus
- Pleanáil Chun Cinn.

Chomh maith le tacaíocht agus aiseolas a thabhairt ar na cúrsaí oiliúna, lean OPR de bheith páirteach i soláthar an chúrsa maidir le Pleanáil Chun Cinn sna cúig ionad oiliúna réigiúnacha.

## Foilsiú na Sraithe Feasacháin Dlí 'Ag Foghlaim ó Dhlíthíocht' (Learning from Litigation)

Lean OPR ar aghaidh lena maoirseacht ar ullmhú, foilsiú agus scaipeadh na sraithe feasacháin dlí 'Ag Foghlaim ó Dhlíthíocht' (Learning from Litigation).

Soláthraítear sna feasacháin ráithiúla seo faisnéis maidir le fasaigh thábhachtacha, cinntí cúirte agus treochtaí atá ag teacht chun cinn agus forbhreathnú ar chásanna suntasacha ón gcásdlí pleanála agus comhshaoil a bhíonn ag síorfhorbairt.

Cuidíonn Grúpa Stiúrtha Fheasachán Dlí Pleanála le cásanna ábhartha a roghnú le háireamh i ngach eagrán den fheasachán. Sa ghrúpa sin, tá baill ainmnithe ó Choiste Dlí Comhshaoil agus Pleanála an Dlí-Chumainn, soláthróir seirbhísí dlí OPR Fieldfisher, OPR, ACP agus CCMA.

Foilsíodh ceithre eagrán den fheasachán 'Ag Foghlaim ó Dhlíthíocht' (Learning from Litigation) in 2025. Foilsíodh na heagráin sin i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag agus tugadh achoimre iontu ar bhreithiúnais agus ar phríomhthorthaí 17 gcás.

## OPR agus an Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhunaigh DHLGH Grúpa Stiúrtha chun forfheidhmiú an phlean sin a chomhordú agus chun maoirseacht a dhéanamh air, agus tugadh cuireadh do OPR a bheith mar chuid den Ghrúpa sin. Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta Aireachta an taisce saineolais pleanála agus saineolais ghaolmhair a mhéadú agus tallann nua a thabhairt chun cinn chun riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, rinne OPR cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre a hAon a phléigh le hOideachas, agus sholáthair sé Rúnaíocht dó. Rinne sé comhchathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre a Cúig, a phléigh le Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht, agus bhí sé ina chomhalta de na trí Ghrúpa Oibre eile.

## Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh maidir leis an Tionscadal Printíseachta Pleanálaí

Baineann ceann de na príomhghníomhaíochtaí a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála (Gníomhaíocht 3) le forbairt conairí nua oideachais i dtreo gairmeacha pleanála gairmiúla lena n-áirítear deiseanna chun oiliúint a fháil ar chomhleibhéal le hoiliúint ollscoile le himeachta ama e.g. trí phrintíseachtaí agus samhlacha micridhintiúr.

In 2025, chuaigh OPR isteach i nGrúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh (ICSG) le haghaidh Tionscadal Printíseachta Pleanálaí a bhí beartaithe. Tá ionadaithe de chuid DHLGH, na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), CCMA, LGMA, ACP, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI), agus na hearnála príobháidí ina mbaill den ghrúpa seo.

Is é aidhm ICSG togra tosaigh a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta Printíseachtaí maidir le printíseacht pleanálaí a fhorbairt i gcomhréir le Plean Printíseachta na Seirbhíse Poiblí.

Cheadaigh an Comhaontas Náisiúnta Printíseachta an Chéad Iarratas maidir le Printíseacht Pleanála Leibhéal 8 a fhorbairt i mí an Mheithimh. Lean OPR de chaidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara i rith na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár printíseachta.

## Obair OPR chun an Phleanáil a Chur Chun Cinn mar Rogha Ghairme

### Ag Éirí i do Phleanálaí

Le linn 2025, lean OPR dá chuid iarrachtaí chun an phleanáil a chur chun cinn mar rogha ghairme trí fheachtais ar na meáin shóisialta, agus chuir sé fáilte roimh an téarma 'pleanálaí' a bheith curtha san áireamh ar an liosta scileanna criticiúla.

## 4.2 Taighde

### An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta

Faoi Alt 31Q(1) d'Acht 2000, is ceann de phríomhfheidhmeanna OPR ná cláir oideachais agus oiliúna a chur ar bun le haghaidh chomhaltaí na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach agus le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach.

Foráiltear in Alt 31Q(2) d'Acht 2000 go ndéanfaidh OPR taighde ar nithe a bhaineann lena fheidhmeanna mar aon le nithe eile a iarrann an tAire air.

Ar mhaithe le tuiscint a shaothrú ar an taighde atá ann cheana, agus chun na riachtanais eolais, oiliúna agus feasachta poiblí is oiriúnaí do na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas pleanála a chinneadh, bhunaigh OPR an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta (NPKG) i ndeireadh na bliana 2019.

Feidhmíonn NPKG mar choiste comhairleach do OPR maidir le staid reatha an bhoinn eolais maidir le cúrsaí pleanála práinneacha agus straitéiseacha agus maidir le bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar le páirtithe leasmhara.

Áirítear in NPKG ionadaithe ó earnálacha an ardoideachais agus an taighde, ó eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha, ón bpobal gnó, ón rialtas áitiúil, ó earnáil an chomhshaoil agus ó institiúidí pleanála a ghníomhaíonn ar son pleanálaithe gairmiúla a bhíonn ag tabhairt faoi obair san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Chruinnigh an grúpa le chéile trí huaire sa bhliain 2025.

Toisc go mbeidh Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí OPR faoi réir fhorálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, ón 1 Eanáir 2025, rinneadh na Téarmaí Tagartha a nuashonrú chun an ceanglas nua ar NPKG aird a thabhairt ar an gCód Trédhearcachta arna ullmhú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a léiriú. Tá na Téarmaí Tagartha nuashonraithe chomh maith le cláir oibre agus miontuairiscí na gcruinnithe a thionóil NPKG in 2025 foilsithe ar shuíomh gréasáin OPR.

### Aschur Taighde OPR

Sa bhliain 2025, i gcomhréir le Creat Taighde Pleanála OPR agus leis an gClár Taighde Pleanála Straitéisí (2023-2025), cuireadh tús le hobair, nó rinneadh dul chun cinn ar obair, ar roinnt tionscadail taighde sna snáitheanna seo a leanas:

**Snáithe a hAon: Saincheisteanna Pleanála**

**Snáithe a Dó: Feidhmíocht Pleanála**

**Snáithe a Trí: Cleachtas Pleanála**



# Snáithe a hAon:
## Tionscadail maidir le Saincheisteanna Pleanála

### Faoi Shnáithe a hAon (Saincheisteanna Pleanála), rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas:

#### Dinimicí Tithíochta Tuaithe a Thuiscint

Rinne OPR agus DHLGH an taighde seo a choimisiúnú i gcomhpháirt in 2023. Ceapadh foireann saineolaithe chun an taighde a dhéanamh. Sa bhliain 2025, rinne foireann UCD an dréacht-thuarascáil a nuashonrú chun foilseacháin Dhaonáireamh 2022 a léiriú, chomh maith le hathruithe ar an gcomhthéacs beartais níos leithne, amhail an Creat Náisiúnta Pleanála. D'eisigh foireann UCD an dréacht dheiridh den tuarascáil taighde i mí na Nollag. Tá sé i gceist go gcuirfear torthaí an taighde seo ar fáil mar acmhainn do DHLGH. Déanfar athbhreithniú ar an amlíne chun an taighde a fhoilsiú go luath in 2026 in éineacht le DHLGH.

#### Forbairtí sa Ríocht Phoiblí

Ba é aidhm an taighde ar Fhorbairtí sa Ríocht Phoiblí aird a tharraingt ar an obair a rinne údaráis áitiúla chun an ríocht phoiblí i mbailte agus i gcathracha a fheabhsú, agus an obair sin a chur chun cinn.

Chruthaigh OPR físeán promóisin, in éineacht le Comhairle Contae na hIarmhí, chun na feabhsúcháin ar ríocht phoiblí Bhaile Átha Luain a thaispeáint agus chun na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt le hearnáil na n-údarás áitiúil i gcoitinne. Cruthaíodh leathanach gréasáin nua ar shuíomh gréasáin OPR freisin chun an chaoi ar thug an Chomhairle aghaidh ar an obair sin a léiriú. Chun tacú leis an obair thaighde sin, chuir OPR seimineár gréasáin i láthair le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach dar teideal 'Feabhsúcháin ar Ríocht Phoiblí Bhaile Átha Luain'.

#### Tionscadail Taighde Eile faoi Shnáithe a hAon

Sa dara leath de 2024, sainaithníodh an gá atá le hábhair bhreise taighde, i gcomhairle le DHLGH. Cé nár sainaithníodh na hábhair i gClár Taighde OPR, tá na tionscadail taighde a sainaithníodh ag teacht go hiomlán le sprioc agus cuspóirí Chreat Taighde OPR, atá mar bhonn taca le sprioc 2 sa ráiteas straitéise. Cuireadh an dá thionscadal i gclár oibre taighde OPR le haghaidh 2025.

## **Snáithe a hAon:** Tionscadail maidir le Saincheisteanna Pleanála ar lean

### Taighde ar Thairseacha agus Critéir maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA) Iarscríbhinn II in Éirinn

Cuireadh tús leis an taighde i mí Lúnasa 2024 i gcomhpháirt leis an Aonad Rialacháin Pleanála AE agus Idirnáisiúnta (EUIPR), mar a bhí ag an am, in DHLGH. Ceapadh Fieldfisher LLP in 2024 chun an taighde a dhéanamh. Is é a bhí i gceist leis ná athbhreithniú ar chásdlí ábhartha Eorpach, fasaigh dlí, anailís chomparáideach ar fhorálacha ábhartha reachtúla agus cleachtais agus nósanna imeachta gaolmhara maidir le forfheidhmiú Airteagal 4(2) den Treoir i roinnt dlínsí. Cuimsíodh sainanailís dlí agus chomhshaoil araon sa taighde. Tugadh an tuarascáil chun críche go luath in 2025 agus cuireadh í ar fáil don Aonad um Beartas Aeráide agus Comhshaoil in DHLGH lena húsáid mar chuid den chomhairliúchán faoi rialacháin nua pleanála.

### Iarthéacs leis an 'Tuarascáil Taighde ar Chostais Dlí in Athbhreithnithe Breithiúnacha Pleanála agus Comhshaoil'

Ag deireadh 2024, d'iarr DHLGH ar OPR iarthéacs leis an 'Tuarascáil Taighde ar Chostais Dlí in Athbhreithnithe Breithiúnacha Pleanála agus Comhshaoil' a ullmhú. Cheap OPR Fieldfisher LLP chun tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an mbonn fianaise a bhí sa tuarascáil bhunaidh a tugadh chun críche in 2023. Rinneadh an anailís sin chun tacú le hobair an Ghrúpa Idir-rannach ar Chostais Dlí Chomhshaoil. Tugadh an iarthéacs leis an tuarascáil chun críche agus foilsíodh é in éineacht leis an tuarascáil bhunaidh in 2025.



**Teach Solais Bhaile na Cúirte, Contae Phort Láirge**

# Snáithe a Dó:
## Tionscadail maidir le Feidhmíocht Pleanála

### Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas faoi Shnáithe a Dó:

**Páipéar Cás-Staidéir (CSP) CSP07 - Cairéil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil**

In 2025, thug OPR CSP07, inar tugadh aghaidh ar 'Cairéil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil', chun críche agus d'fhoilsigh é. Rinneadh athbhreithniú sa pháipéar cás-staidéir seo ar an gcaoi ar thug údaráis phleanála aghaidh ar na treoirlínte atá ann cheana féin agus ar shaincheisteanna níos leithne sa tionscal eastóscach. Agus tuilleadh athchóirithe á dhéanamh ar an gcóras pleanála, sainaithníodh sa pháipéar cás-staidéir roinnt deiseanna a eascraíonn as athruithe ar an mbeartas reatha agus tarraingíodh aird ar na ngá atá le treoir náisiúnta, sonraí níos fearr agus struchtúir rialachais níos láidre.

**Taighde/Coistí arna Maoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**

Thug OPR a ról ar na Coistí Stiúrtha do dhá tionscadal taighde arna maoiniú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun críche in 2025. Thug na Coistí Stiúrtha an dá thionscadal chun críche i R3 agus foilseoidh an Ghníomhaireacht iad in 2026. I measc na dtionscadal bhí:

- **Pro-Health SEA: (SEA ar Son na Sláinte:) Sraith Uirlisí chun Sláinte an Daonra agus an Duine a Chur san Áireamh ar Bhealach Cuí Comhsheasmhach i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta**

  Bhí athbhreithniú ar chleachtas idirnáisiúnta san áireamh sa tionscadal seo, agus i gcomhairle le saineolaithe sláinte agus SEA, forbraíodh Sraith Uirlisí mar bhonn eolais don tsláinte a chur san áireamh in SEAnna. Cuireann an taighde fianaise ar fáil chun tacú le forbairt acmhainne agus chun cúrsaí sláinte a threorú agus a neartú in SEAnna.

- **REMARC: Feabhsú Umair Sheipteacha Lochtacha: Cur Chuige Measctha maidir le Cumarsáid Riosca Comhshaoil**

  Sainaithníonn an tionscadal taighde ildisciplíneach seo conairí chun rátaí níos airde feabhsúcháin a bhaint amach do dhabhcha séarachais ionas go dtabharfar cosaint don chomhshaol agus do shláinte an phobail.

**Páipéar Cás-Staidéir CSP08, a dhéanann scrúdú ar dhea-chleachtas maidir le bonneagar glas, réitigh bunaithe ar an dúlra agus seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú i bpleananna úsáide talún**

Ag deireadh 2025, cheap OPR MKO Planning and Environmental Consultants chun CSP08 a dhréachtú. Tugadh an céimeanna tosaigh den tionscadal chun críche faoi dheireadh na bliana, lena n-áirítear: athbhreithniú ar bheartas agus ar litríocht, údaráis phleanála 'fionnachtaí' a shainaithint agus agallaimh struchtúrtha a dhéanamh leo. Déanfar an páipéar cás-staidéir a dhréachtú agus déanfar céim an phiarmheasúnaithe go luath in 2026. Foilseofar é ina dhiaidh sin.

# Snáithe a Trí:
## Tionscadail um Chleachtas Pleanála

### Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas faoi Shnáithe a Trí:

**Nóta Cleachtais (PN) PN06 Monatóireacht ar Phlean Forbartha**

Ag cur le taighde a rinneadh roimhe agus le ceardlanna le monatóireacht ar phlean forbartha mar théama acu, cheap OPR MacCabe Durney Barnes, i mí Aibreáin 2025, chun nóta cleachtais a ullmhú ar an ábhar seo. Bunaíodh Coiste Stiúrtha ar a raibh ionadaithe ó DHLGH, An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) agus saineolaithe SEA. Reáchtáil OPR ceardlann i mí an Mheithimh ar ar fhreastail thart ar 50 príomhpháirtí leasmhar, ina measc ionadaithe ón rialtas áitiúil, lucht acadúil, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

Reáchtáladh sraith seisiún saindírithe ina dhiaidh sin chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt ar bhunachar sonraí táscairí mar chuid den nóta cleachtais. Scaipeadh an chéad dréacht den nóta cleachtais ar an gcoiste stiúrtha lena athbhreithniú. Tá coinne leis go ndéanfar tuilleadh oibre i gcomhar leis an gcoiste stiúrtha go luath in 2026. I ndiaidh nuashonruithe agus leasuithe breise de bharr aiseolas ón gcoiste stiúrtha go luath in 2026, tá coinne leis go rachaidh an nóta cleachtais ar aghaidh chuig piarmheasúnú agus go bhfoilseofar é faoi lár 2026. I bhfianaise thosach feidhme an Achta agus an chomhthéacs beartais níos leithne, geallann OPR an nóta cleachtais seo a athbhreithniú agus a nuashonrú go tráthrialta agus de réir mar is gá.

**Tionscadail Taighde Eile faoi Shnáithe a Trí**

Tháinig dhá théama taighde nua faoi Shnáithe a Trí chun cinn le linn 2025. Tá an dá cheann ag teacht le sprioc agus cuspóirí Chreat Taighde OPR agus tacaíonn siad le Sprioc 2 sa ráiteas straitéise:

**Spás Gníomhach Taitneamhachta agus Beartais Spóirt i bPleananna Forbartha.**

I lár 2025, tar éis caidreamh le páirtithe leasmhara, chuir OPR tús le taighde ar an gcaoi a dtugtar aghaidh agus a ndéantar pleanáil do spás gníomhach taitneamhachta agus áiseanna spóirt i bpleananna forbartha. Sa taighde, rinneadh athbhreithniú agus anailís ar phleananna forbartha le 12 údarás áitiúil, ag díriú ar Bhaile Átha Cliath agus na contaetha agus cathracha timpeall air, áiteanna ina bhfuil coinne le fás mór ar an daonra.

Tháinig roinnt téamaí agus patrún chun cinn ón taighde tosaigh. I mí Dheireadh Fómhair 2025, reáchtáil OPR ceardlann i gcomhar le Spórt Éireann, ar ar fhreastail raon leathan comhlachtaí náisiúnta spóirt, oifigigh ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (DCCS) agus DHLGH.

Chuir OPR torthaí ón taighde tosaigh i láthair agus rinne Spórt Éireann cur i láthair agus léiriú ar a mol sonraí. Tá sé beartaithe go dtabharfar páipéar comhpháirteach chun críche go luath

## **Snáithe a Trí:** Tionscadail um Chleachtas Pleanála ar lean

in 2026, ina gcuimseofar na torthaí ón gceardlann agus conclúidí ó obair thaighde an dá chomhlachta.

Beidh an obair seo mar bhonn eolais don athbhreithniú ar Chlár Taighde Pleanála Straitéisí OPR, agus do shruthanna oibre ábhartha eile OPR agus do chaidreamh OPR le páirtithe leasmhara.

### Tionscadal arna mhaoiniú ag Construct Innovate, 'TEACH [Comhbhabhtálacha i Meastóireacht agus Measúnú ar Fhorbairtí Dlúth-Thithíochta] (Trade-off Evaluation and Assessment of Compact Housing Developments)

Ag tarraingt ar dheireadh 2025, thug OPR agus an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht do Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i ndáil lena thairiscint taighde le Construct Innovate, arna maoiniú ag DHLGH.

D'éirigh le hiarratas an tionscadail, dar teideal Comhbhabhtálacha i Meastóireacht agus Measúnú ar Fhorbairtí Dlúth-Thithíochta (Trade-offs in Evaluation and Assessment of Compact Housing Developments') (TEACH) ar mhaoiniú.

Is é is aidhm le TEACH ná uirlis comparáide ilghnéitheach a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a bhíonn ag forbairt tithíochta ar suíomhanna úrnua i gcomparáid le suíomhanna athfhorbraíochta. Thug OPR tacaíocht don cheardlann tionscadail i mí na Samhna agus tá coinne leis go dtabharfar an tionscadal i gcrích in 2026. Tá coinne leis go dtacóidh an taighde seo le téamaí taighde a thiocfaidh chun cinn agus an t-athbhreithniú á dhéanamh ar an gClár Taighde Pleanála Straitéisí, agus go mbeidh sé mar bhonn eolais do na téamaí sin.



Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí

## 4.3 Cumarsáid agus Anailísiú Sonraí

Lean an fhoireann Cumarsáid agus Anailísíocht Dhigiteach lena cuid oibre chun tacú le comhghleacaithe in OPR ábhair le haghaidh seisiún faisnéise agus staitisticí a chur i dtoll a chéile, chomh maith le hanailís agus léirshamhlú a dhéanamh ar fhaisnéis a bhain le pleanáil.

D'oibrigh an fhoireann go dlúth le comhghleacaithe ar fud OPR freisin chun tacú le roinnt mhaith de na foilsiúcháin, tionscnaimh ghréasán-bhunaithe agus imeachtaí a reáchtáladh le linn 2025.

Freagraíodh go héifeachtach d'fhiosruithe a bhain leis na meáin agus taighde i rith 2025, agus foilsíodh scéalta nuachta go tráthrialta ar ár suíomh gréasáin, www.opr.ie.

Cuireadh oiliúint agus tacaíocht um Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) ar fáil i rith 2025, agus tugadh aird mhaith ar a chinntiú go raibh an t-ábhar éifeachtach do riachtanais comhghleacaithe in OPR.

Chuir an fhoireann Cumarsáid agus Anailísíocht Dhigiteach rúnaíocht, anailís sonraí agus comhairle margaíochta ar fáil don Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála.

Luaitear roinnt de phríomhghníomhaíochtaí 2025 thíos.

### Gnóthaí Parlaiminte

Thug an Fhoireann Cumarsáide tacaíocht don Rialaitheoir Pleanála maidir le gnóthaí parlaiminte, thug sí seisiún faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais i mí an Mhárta 2025, agus sholáthair ábhair do Chruinniú den Chomhchoiste Oireachtais i mí Iúil 2025.

### Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Pleanála

Tá obair fós ar bun ar na sonraí is déanaí a bheidh mar bhonn eolais don Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Pleanála, agus tá coinne leis go bhfoilseofar 'Uimhreacha i gcúrsaí Pleanála' (Planning in Numbers) in 2026. San athbhreithniú straitéiseach seo ar threochtaí pleanála agus aschuir in Éirinn, soláthraítear forléargas ar phríomhthreochtaí agus ar phríomhfhigiúirí.

### Nuachtlitreacha

Foilsíodh nuachtlitreacha ráithiúla le haghaidh páirtithe leasmhara i rith 2025 agus tháinig méadú ar an líon síntiúsóirí.

### Athbhreithniú ar an suíomh gréasáin

Rinneadh athbhreithniú ar shuíomh gréasáin OPR sa dara leath de 2025 agus rinneadh breis oibre ar fheabhas a chur ar inrochtaineacht. Leanfar leis an obair seo le linn 2026, le súil agus láithreacht OPR ar líne a athfhorbairt. Éascóidh sé sin feasacht níos fearr an phobail ar an bpleanáil agus cabhróidh sé le OPR riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh agus taithí úsáideoirí a fheabhsú.



# 5 Gnóthaí Corparáideacha

- **Tacú leis an Eagraíocht**
- **Rialachas**
- **Faisnéis Airgeadais**



Sliabh Liag, Contae Dhún na nGall

## 5.1 Ag Tógáil na hEagraíochta i gCónaí

### Ár bhFoireann a Thógáil

Tá 47 ball foirne lánaimseartha faofa ag OPR, lena n-áirítear an Rialaitheoir Pleanála. Le linn 2025, tugadh faoi fheachtais earcaíochta le go líonfaí tuilleadh folúntas. D'oibrigh an fhoireann iomlán lena chéile chun timpeallacht fháilteach a chruthú dár n-earcaigh nua i rith 2025. Bhí 45 ball foirne ag OPR ar an 31 Nollaig 2025.

Feidhmíonn OPR a chuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, a fuarthas in Aibreán na bliana 2019. Baineadh úsáid as painéil oscailte ar publicjobs agus as scéimeanna soghluaisteachta de chuid na Státseirbhíse freisin.

Is státseirbhísigh de chuid an stáit iad baill foirne OPR agus faigheann siad luach saothair i gcomhréir le beartais an rialtais. Faigheann an Rialaitheoir Pleanála luach saothair ag grád Státseirbhíse an Rúnaí Chúnta.

### Ár nÁitreabh

Tá ár gcuid oifigí lonnaithe i dTigh na Páirce, laistigh de champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin, atá mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí an Rialtais le haghaidh athbheochan an cheantair sin.

Cuireann comhshuíomh OPR ar champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sineirgí suntasacha ar fáil le réimse inniúlachtaí oideachais, oiliúna agus taighde ar fáil trí Scoil na hAiltireachta, Foirgníochta agus an Chomhshaoil. Tá sineirgí ar fáil chomh maith i dtaca le rochtain éasca agus cost-éifeachtúil ar áiseanna seomraí cruinnithe agus oiliúna.

### Beartais agus Nósanna Imeachta

Ó bunaíodh sinn, tá sraith beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a chuireann bunús tábhachtach ar fáil d'fheidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. Chomh maith leo sin, chuireamar beartais agus cóid de chuid na Státseirbhíse i bhfeidhm, lenar áiríodh an Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Lena chinntiú go neartófaí bonn rialachais agus bonn feidhmíochta OPR go leanúnach, leanamar ag déanamh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais reatha agus ag cur beartais bhreise i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana.

In 2025, ullmhaíodh an chéad bheartas de chuid OPR faoi IS a Ghlacadh agus a Úsáid ar bhealach Freagrach.

Ullmhaíodh an beartas i gcomhréir le treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER) a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025. Chun tacú leis an mbeartas, rinne gach ball foirne oiliúint ar Chóras Bainistíochta Foghlama OPR. Tá an beartas agus an oiliúint ceaptha comhlíonadh na heagraíochta le treoirlínte DPER a chinntiú agus tacú leis na baill foirne chun IS a úsáid ar bhealach muiníneach, sábháilte agus eiticiúil.

### Sláinte agus Sábháilteacht

In 2025, chomhlíon OPR an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta), 2007. Rinneadh ár n-iniúchadh sábháilteachta bliantúil, i gcomhar lenár saineolaithe seachtracha sláinte agus sábháilteachta.

Nuashonraíodh Ráiteas Sábháilteachta OPR chun na measúnuithe riosca is déanaí a chur san áireamh. Cuireadh oiliúint leantach sláinte agus sábháilteachta ar fáil don fhoireann le linn na bliana, lenar áiríodh oiliúint i ngarchabhair agus oiliúint do mhaoir dóiteáin lena chinntiú go raibh go leor ball foirne ag feidhmiú sna róil thiomnaithe sin chun freastal ar obair chumaisc.

Cuireadh oiliúint ar roinnt ball foirne le bheith ina measúnóirí inmheánacha ar threalamh scáileáin taispeána agus ar aonaid fístaispeána agus tá oiliúint maidir le stáisiúin oibre eirgeanamaíocha á cur ar na baill foirne uile i gcónaí chun a chur ar a gcumas prionsabail na heirgeanamaíochta a chur i bhfeidhm ina dtimpeallacht bhaile agus oifige oibre.

Níor thuairiscigh an eagraíocht aon timpiste in 2025.

## An Cód Iompair agus Coimhlint Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn foireann OPR le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, nuair is cuí.

Chomh maith leis sin feidhmíonn OPR faoi Chód Iompair i dtaca le coimhlint leasa a bhainistiú. Faoin gCód, cláraíonn gach ball foirne de OPR agus an Príomhfheidhmeannach a gcuid leasanna trí dhearbhú.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuireann Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a bheith acu ar an ngá:

- Deireadh a chur leis an idirdhealú;
- Comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn do bhaill foirne agus dóibh siúd dá gcuireann siad seirbhísí ar fáil; agus
- Cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Aithníonn OPR go bhfuil reachtaíocht chomhionannais a chuimsíonn an naoi bhforas seo a leanas mar bhonn faoin dualgas:

1. Inscne;
2. Stádas sibhialta;
3. Stádas teaghlaigh;
4. Aois;
5. Míchumas;
6. Gnéaschlaonadh;
7. Cine;
8. Creideamh; agus
9. Ballraíocht den Lucht Siúil.

Is gá d'fhoireann uile OPR oiliúint a dhéanamh ar mhodúl ríomhfhoghlama Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, dar teideal 'Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Poiblí'. Dearadh an modúl seo chun tacú le baill foirne laistigh de chomhlachtaí poiblí agus chun a chur ar a gcumas a ndualgais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a thuiscint agus a chomhlíonadh. Rinne gach ball foirne a earcaíodh in 2025 an oiliúint sin.

Is fostóir comhdheiseanna é an OPR. Bhí gach próiseas earcaíochta a rinneadh i rith 2025 i ndianchomhréir le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Geallann OPR seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach inrochtana. Mar shampla, trí Oifigeach Rochtana a cheapadh a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mhaith leo rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí, trí shuíomh gréasáin inrochtana a chur ar fáil, trí ghnáth-theanga shimplí a úsáid inár gcuid cumarsáide agus trí fhotheidil agus/nó teanga chomharthaíochta a úsáid inár bhfíseáin faisnéise.

Tá OPR tiomanta do dhínit agus meas a chosaint san eagraíocht tríd síos agus cuireadh i bhfeidhm an Beartas Dínite san Ionad Oibre, a d'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (DPER).

Tagann grúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) OPR le chéile go tráthrialta chun EDI a chur chun cinn agus a fheabhsú inár n-ionad oibre.

Cuireadh oiliúint i bhfeasacht faoi mhíchumas ar na baill foirne i mí na Samhna 2025, le Employers for Change. Tá scéim pas do fhreastal réasúnta ar bun agus déantar í a chur chun cinn don fhoireann. Is taifead beo faoi rún é an pas seo ar na bacainní a bhíonn roimh bhaill foirne agus ar na comhréitigh a chomhaontaítear chun tionchar na mbacainní sin san ionad oibre a chosc nó a laghdú.

Chomhlíon OPR a oibleagáid maidir leis an líon ball foirne faoi mhíchumas a fhostaíonn an eagraíocht a thuairisciú gach bliain. Amhail an 31 Nollaig 2025, sháraigh OPR an sprioc reachtúil íosta de 6%. Tá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas (DLO) ag OPR agus glacann an t-oifigeach sin páirt i líonra DLO na Státseirbhíse.

Chun timpeallacht oibre ionchuimsitheach agus thacúil a chur chun cinn, tá an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS) ar fáil d'fhoireann iomlán OPR.

### An Ghaeilge

Chloígh OPR le halt 10A (Fógraíocht ag comhlachtaí poiblí), Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 ina n-éilítear go bhfoilsítear ar a laghad 20% d'fhógraíocht bhliantúil comhlachtaí poiblí i nGaeilge agus go gcaitear 5% dá mbuiséad fógraíochta ar na meáin Ghaeilge.

Ar mhaithe le cloí leis na dualgais a ndéantar breac-chuntas orthu in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá aistritheoirí seachtracha curtha ar conradh ag OPR chun a chinntiú go n-aistrítear go Gaeilge agus go bhfoilsítear aon cháipéisíocht ábhartha, feachtais earcaíochta mar aon le roinnt den eolas ar ár suíomh gréasáin go tráthúil.

Tá leagan dátheangach ar ainm, lógó, stáiseanóireacht agus sínithe ríomhphoist OPR agus foilsítear gach foilseachán ábhartha amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise go dátheangach chomh maith.

Cloíonn OPR lena fhreagrachtaí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 chomh maith, i dtaca le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus ainmníodh ball foirne ar leith chun déileáil le haon cheisteanna ó bhéal a fhaightear i nGaeilge.

## 5.2 Rialachas

Bunaíodh an OPR mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. Agus a cuid feidhmeanna á chleachtadh aici tá OPR go huile agus go hiomlán neamhspleách agus tá sé freagrach don Oireachtas agus don Aire mar eagraíocht a mhaoinítear go poiblí. De réir mar a leagtar síos san Acht, is struchtúr sealbhóra oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin, agus déanann feidhmeannas na heagraíochta a fheidhmiúlacht a riar ó lá go lá.

### Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Bíonn an Rialaitheoir Pleanála agus ceathrar Stiúrthóirí, a bhfuil duine acu ina Leas-Rialaitheoir Pleanála, ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus cruinníonn siad go rialta faoi chlár seasta. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil le haghaidh athbhreithniú straitéiseach agus oibríochtúil rialta ar fheidhmiú na heagraíochta, lena n-áirítear measúnú riosca, bainistíocht airgeadais, faomhadh polasaithe agus bainistiú acmhainní.

### Cothromaíocht Inscne ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Ar an 31 Nollaig 2025, bhí triúr ban (60%) agus beirt fhear (40%) ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

Mar sin comhlíonann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sprioc an Rialtais i dtaobh íosmhéid 40% ionadaíochta le haghaidh gach inscne le haghaidh ballraíocht Ceannaireachta Comhlachtaí Stáit.

Tá cultúr nua atá bunaithe ar luachanna á chothú ag OPR, cultúr a bheidh ríthábhachtach i dtaobh cothromaíocht inscne a chonneáil agus a chur chun cinn ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus i dtaobh cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn in oibríochtaí OPR.

### An Grúpa Stiúrthóirí Cúnta

Tá an Grúpa Stiúrthóirí Cúnta comhdhéanta den seisear Stiúrthóirí Cúnta a thagann le chéile go tráthrialta faoi chlár oibre seasta chun dul chun cinn a dhéanamh ar shaincheisteanna leanúnacha, lena n-áirítear pleanáil gnó, measúnú riosca, cur i bhfeidhm beartas agus leithdháileadh acmhainní buiséid. Tá ról tábhachtach rialachais agus cinnteoireachta ag an nGrúpa Stiúrthóirí Cúnta laistigh de OPR.

| Tinreamh | Dátaí na gCruinnithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 12 Feabhra 2025 | 25 Meitheamh 2025 | 14 Deireadh Fómhair 2025 | 16 Nollaig 2025 |
| Paula Nyland | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Breda Coss | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Karen Kehily | N/B | ✔ | ✔ | ✔ |
| Joanna McBride | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Enda Torsney | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

**Tábla 10** | Sceideal na gCruinnithe a reáchtáil an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i rith 2025

Is iad seo a leanas Comhaltaí an Choiste:

**Comhaltaí Seachtracha:**

**Paula Nyland**
Cathaoirleach

**Breda Coss**

**Karen Kehily**
(Ceaptha i mí an Mheithimh 2025)

**Comhaltaí Feidhmiúcháin:**

**Joanna McBride**
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

**Enda Torsney**
Stiúrthóir Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha

**Rúnaí an Choiste:**

**Áine Ryan**

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí

De bhun Alt 538 den Acht, is struchtúr rialachais corparáide aonair/sealbhóra oifige atá ag OPR.

Bíodh agus nach bhfuil OPR faoi shainordú coistí a bhunú a fheidhmíonn go caighdeánach mar choistí chuig boird neamhfheidhmiúcháin, ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht agus ar mhaithe leis an dea-chleachtas a leanúint, oibríonn OPR Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí de réir treorach a cuireadh ar fáil laistigh den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is é ról an Choiste seo maoirseacht a chur ar fáil agus tacú leis an Rialaitheoir Pleanála i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le rialúcháin bainteacha, rialachas corparáideach agus árachas bainteach. Chruinnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí le chéile ceithre huaire sa bhliain 2025.

## Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Formhaoirseachta

Ceann de phríomhriachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ná gur cheart do Ranna agus do chomhlachtaí faoina gcoimirce comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta a chur i bhfeidhm, comhaontuithe ar cheart dóibh a bheith mar chuid lárnach de chreat straitéiseach agus oibríochtúil na gníomhaireachta.

Chuige sin, cuireadh comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta i bhfeidhm idir DHLGH agus OPR in 2025. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an dá cháipéis.

Chun creat rialachais OPR a neartú tuilleadh, reáchtáiltear cruinnithe idirchaidrimh rialta idir bainistíocht shinsearach DHLGH agus OPR chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí feidhmíochta agus rialachais, agus chun fóram a chur ar fáil inar féidir plé rialta a dhéanamh maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

## Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in Éirinn, éilítear ar DHLGH Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla a dhéanamh ar Chomhlachtaí Stáit neamh-thráchtála faoina coimirce. Tá athbhreithniú criticiúil tréimhsiúil ar OPR ar siúl i rith 2025.

## Bainistíocht Riosca

Tá an bhainistíocht riosca mar cheann de na príomhriachtanais chun dea-rialachas corparáideach agus freagrúlacht eagraíochtúil shofhreagrúil do rioscaí a chinntiú.

Tá an fhreagracht iomlán ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Rioscaí agus an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht agus inghlacthacht riosca na heagraíochta a chinneadh, agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár rioscaí i gcaitheamh na bliana.

Feidhmíonn OPR faoi chreat cuimsitheach um bainistíocht rioscaí, lena n-áirítear Ráiteas Inghlacthachta Riosca, Clár Rioscaí agus Beartas Bainistíochta Rioscaí. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcreat bainistíochta rioscaí, rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhrioscaí OPR, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leo. Déantar athbhreithniú ar chláir rioscaí na rannán éagsúil ar bhonn ráithiúil. Chuir an Príomhoifigeach Rioscaí oiliúint i mbainistíocht rioscaí ar fáil don fhoireann ar fad in 2025.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm le pearsanra a bhfuil oiliúint chuí orthu a feidhmíonn i dtreoir le cairt scríofa. Cuireann anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil OPR neamhchosanta orthu bonn eolais faoina chuid oibre, agus tá a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm go gcuimseodh na pleananna seo príomhrialuithe ar bhonn leanúnach. Rinne na hiniúchóirí inmheánacha roinnt iniúchtaí inmheánacha i rith 2025, lenar cuimsíodh:

- Córas rialúcháin inmheánaigh;
- Córais TF, Cibearshlándáil agus Straitéis TF;
- Párolla agus Bainistíocht AD;
- Rialachas Corparáideach agus pleanáil gnó; agus
- Athbhreithniú leantach ar mholtaí na hiniúchóireachta inmheánaí a rinneadh i rith 2024.

## Córas Rialúcháin Inmheánaigh

Cinntíonn OPR go gcaomhnaítear córas rialúcháin inmheánaigh éifeachtach agus go bhfeidhmítear é i gcónaí. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithniú OPR ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre.

Tá an ardbhainistíocht laistigh de OPR freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialúcháin inmheánaigh. Rinne OPR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach don bhliain 2025.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac OPR an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú.

Chomhlíon OPR an Cód in 2025, ach amháin forálacha an Chóid i dtaca le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an bhoird, ós rud é gur struchtúr sealbhóra oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin, mar a leagtar síos san Acht. Mar sin, mar aon lena dhualgais mar Bhord a chur i gcrích, comhlíonann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin chomh maith.

## Straitéis agus Córais um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

I gcomhréir le Cónascadh Rialtais 2030, Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais, lean OPR ag baint leas as raon seirbhísí Dheasc Bhainistithe um Thógáil le Roinnt (BTS) arna cur ar fáil ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Cuireann Deasc Bhainistithe BTS raon croísheirbhísí TFC ar fáil ar a mbraitheann foireann OPR chun a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhonn laethúil.

D'oibrigh OPR le OGCIO chun uasghrádú a dhéanamh ar svuít Microsoft Office, agus d'aistrigh go dtí Apps for Enterprise de chuid Microsoft 365. Rinneadh ríomhairí glúine OPR a uasghrádú chuig Windows 11 ós rud é go raibh an leagan deiridh de Windows ag tarraingt ar dheireadh a ré le linn 2025. Leis an uasghrádú sin, cinntíodh slándáil agus iontaofacht chóras oibriúcháin Windows as seo amach.

Chuir OPR oiliúint agus tacaíocht ar fáil don fhoireann in 2025 chun faireachas agus feasacht faoi shlándáil TF a mhéadú.

Foilsíodh treoirlínte in 2025 faoi úsáid fhreagrach a bhaint as an Intleacht Shaorga (IS) sa tSeirbhís Phoiblí. D'ullmhaigh OPR beartas chun tacú leis na treoirlínte agus leis an nuálaíocht a ghlacadh agus ár gcuid oibre á déanamh againn. D'éirigh le OPR Microsoft Copilot a rolladh amach go slán agus úsáideadh Grammarly ar bhonn píolótach.

## Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Is comhlacht poiblí é OPR chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar aon le forálacha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, féadtar faisnéis ar an gcomhshaol a lorg ó OPR faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol, 2007-2018.

Cuirtear sonraí maidir le gníomhaíochtaí 2024 ar fáil thíos agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin OPR agus ar leathanaigh thiomnaithe **FOI**[3] agus **AIE**[4].

| | Saoráil Faisnéise | Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol |
|---|---|---|
| **Bronnta** | **0** | **1** |
| **Bronnta i bpáirt** | **5** | **0** |
| **Tarraingthe siar** | **0** | **0** |
| **Aistrithe** | **1** | **0** |
| **Diúltaithe** | **5** | **3** |
| **Iomlán** | **11** | **4** |

**Tábla 11** | Iarratais um Shaoráil Faisnéise/ Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2025

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí

Tá OPR tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosanta Sonraí (RGCS), a chuaigh i bhfeidhm i mBealtaine na bliana 2018, agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018.

De réir mar a éilítear sa rialachán, tá Oifigeach Cosanta Sonraí tiomanta ag OPR. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú rialta ar na beartais agus nósanna imeachta um Chosaint Sonraí agus um Príobháideachas Sonraí. Tá sé ríthábhachtach feasacht na foirne faoi dhea-chleachtas i gcosaint sonraí a chothú.

[3] https://www.opr.ie/saorail-faisneise/?lang=ga

[4] https://www.opr.ie/rochtain-ar-fhaisneis-maidir-leis-an-gcomhshaol/?lang=ga

Cuireadh oiliúint i gcosaint sonraí agus cibearshlándáil ar fáil i gcaitheamh na bliana agus is gnéithe leanúnacha iad sin de phleananna oiliúna agus forbartha OPR. In 2025, ní bhfuair OPR aon iarratas ar shonraí pearsanta agus ní raibh aon chás i dtaca le sárú ar shonraí pearsanta.

## Nochtuithe Cosanta

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag OPR maidir le nochtuithe cosanta a dhéanamh, faoi Bheartas um Nochtadh Cosanta, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). San nósanna imeachta seo leagtar amach go sonrach an próiseas inar féidir le fostaí de chuid OPR nochtadh cosanta a dhéanamh, an méid a tharlóidh nuair a dhéantar an nochtadh agus an méid a dhéanfaidh OPR chun an nochtadh a chosaint.

Tacaíonn an próiseas le tiomantas OPR i dtaca le suíomh oibre a chothú ina mbraitheann fostaithe compordach ábhair imní a chur in iúl i dtaca le héagóir fhéideartha laistigh de OPR agus an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil dóibh siúd a tharraingíonn ábhair imní anuas. Léiríonn an timpeallacht oibre seo croíluachanna OPR, go háirithe luachanna amhail ionracas, gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

Tá cainéal tuairiscithe seachtrach i bhfeidhm chun nochtuithe cosanta a dhéanamh leis an Rialaitheoir Pleanála a forordaíodh mar fhaighteoir nochtuithe cosanta i ndáil le feidhmeanna OPR.

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), tá sé de dhualgas ar OPR tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ina sonraítear an líon nochtuithe cosanta a rinneadh i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an gníomh (má bhí gníomh ann) a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin.

Le linn 2025, ní bhfuair OPR aon tuairiscí trí chainéil tuairiscithe inmheánacha, ná níor chuir duine forordaithe eile nó an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta ar aghaidh chuig OPR iad. Fuarthas trí thuairisc trí chainéal tuairiscithe seachtrach OPR.



**Abhainn Fheartraí, Contae Chill Mhantáin**

### Úsáid Fuinnimh 2025

Tuairiscíonn OPR go bliantúil chuig Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) i dtaca le tomhaltas fuinnimh agus sonraí lena mbaineann. Cloíonn OPR le Ciorclán 01/2020: Nósanna Imeacht chun na hAstaíochtaí a Bhaineann le Taisteal Aeir Oifigiúil a Sheach-chur (más ann dóibh).

Tá forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide i gcroílár ár gcuid feidhmeanna agus tá OPR tiomanta dár dtionchar ar an timpeallacht a laghdú a mhéid agus is féidir.

Tá Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2025, glactha go hoifigiúil ag OPR. Éilíonn an sainordú ar chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, agus ullmhaítear treochlár um ghníomhú ar son na haeráide go bliantúil. Tuairiscíonn OPR chuig SEAI gach bliain maidir le comhlíonadh leis an sainordú um ghníomhú ar son na haeráide.

Is é an digitiú a bhíonn mar chur chuige réamhshocraithe againn seachas próisis pháipéarbhunaithe.

Is foirgneamh í oifig OPR ina bhfáiltítear roimh rothair le haghaidh fostaithe agus cuairteoirí. Tá an gradam Smarter Travel Mark ag OPR lena n-aithnítear agus lena ndéantar ceiliúradh ar eagraíochtaí a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus leanann OPR ag tacú lenár bhfoireann agus le cuairteoirí chun tabhairt faoi thaisteal inbhuanaithe agus gníomhach. Bhí cártaí Leap ar fáil chun úsáid iompair phoiblí chun taisteal chuig cruinnithe oifigiúla a éascú.

Ghlac OPR páirt i bhfeachtas éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais 'Laghdaigh d'Úsáid' i gcaitheamh na bliana 2025 agus roinneadh faisnéis ábhartha leis an bhfoireann. Cuireadh acmhainní ón bhfeachtas náisiúnta Cuir Stop le Cur Amú Bia chun cinn agus chuir Repak ceardlann faoi athchúrsáil i láthair na foirne. Tugadh faisnéis phraiticiúil faoi athchúrsáil agus roghanna chun diúscairt a dhéanamh i gceart. Roinneadh faisnéis faoi na deiseanna a bhaineann le siopadóireacht inbhuanaithe i siopaí carthanais ar an inlíon.

Cuireadh oiliúint faoin aeráid ar fáil do bhaill foirne nua le straitéis foghlama agus forbartha OPR in 2025.

### Fiosruithe de chuid Chomhaltaí an Oireachtais

Cuireann OPR seoladh ríomhphoist tiomanta, oireachtas@opr.ie, ar fáil le haghaidh chomhaltaí an Oireachtais a bhfuil eolas á lorg acu maidir le hobair Oifig an Rialaitheora Pleanála.

Fuarthas dhá fhiosrú fhoirmiúla ó chomhaltaí Oireachtais sa bhliain 2024.

## 5.3 Faisnéis Airgeadais

Leithdháiltear buiséad OPR trí Vóta 34 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil, fo-cheannteideal D.5. In 2025, bhí €5,180,000 i mbuiséad iomlán OPR.

Cuireann Banc Danske seirbhísí baincéireachta OPR ar fáil.

Ina chuid feidhmeanna, cinntíonn OPR luach ar airgead agus bainistíocht airgeadais stuama trí chloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus an AE agus rialacha bainistíochta airgeadais, mar aon le forálacha an Achta a chinntíonn freagracht agus trédhearcacht.

### Ráitis Airgeadais

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais OPR, lena n-áirítear Ráitis maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Rialúcháin, de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais cuí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, de réir mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

Bíonn Ráitis Airgeadais OPR faoi réir iniúchóireacht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar iniúchóireacht ar chuntais 2025 sa bhliain 2026. Nuair a dhearbhaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad, cuirfear na ráitis airgeadais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin OPR.

## Dlí Cánach

Chloígh OPR lena chuid ceanglas faoin dlí cánach sa bhliain 2025.

## Soláthar

Tá OPR tiomanta do luach ar airgead a bhaint amach agus na próisis soláthair is éifeachtúla a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh OPR a Phlean Soláthair Chorparáidigh agus nuashonraítear go rialta é.

Mar chomhlacht poiblí, baineann OPR úsáid as creata agus conarthaí lárnacha a chuir an Oifig Soláthair Rialtais i bhfeidhm agus réimse earraí agus seirbhísí a mbíonn éileamh orthu go comónta á soláthar againn. Sa chás nach mbíonn creat ná conradh lárnach ar fáil, feidhmíonn OPR de réir Threoracha Soláthair an Aontais Eorpaigh.

Tá Oifigeach Soláthair tiomanta ag OPR a oibríonn leis an bhfoireann chun dea-chleachtas a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí soláthair. Foilsítear tuairisc achomair i dtaca leis na conarthaí poiblí a bhronnann OPR lena mbaineann luach níos mó ná €25,000 ar bhonn ráithiúil ar shuíomh gréasáin OPR.


## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997


Comhlíonann OPR forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997. Tá nósanna imeachta nua isteach nua tugtha isteach ag Oifig an Rialaitheora Pleanála chun a chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Foilsíonn OPR a thuairiscí ráithiúla um íocaíochtaí prasa ar a shuíomh gréasáin.



Cuan an Chaisleáin Nua, Contae Dhún na nGall

# Faisnéis faoin bhFoireann




Rialaitheoir Pleanála
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
An Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha
Stiúrthóir Cúnta
Stiúrthóir Cúnta
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir AD agus Rialachais
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir Párolla
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir Airgeadais
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir TFC
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Feidhmiúcháin
Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail
An Fhoireann Oiliúna, Taighde agus Feasachta Poiblí
Stiúrthóir Cúnta Cumarsáide
Stiúrthóir Cúnta
Pleanálaí Sinsearach
Pleanálaí Sinsearach
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Anailísí Sonraí
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Pleanála
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin

# Liosta Acrainmneacha

**ACP:** An Coimisiún Pleanála.[5]

**AIE:** Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

**AILG:** Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann

**AIRO:** An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann

**BTS:** Tógáil le Roinnt

**CCMA:** Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

**CDP:** Pleananna Forbartha Cathrach/ Contae

**CPSA:** An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

**CSO:** An Phríomh-Oifig Staidrimh

**CSP:** Páipéar Cás-Staidéir

**DCCS:** An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

**DCEE:** An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**DFHERIS:** An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**DHLGH:** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**DPER:** An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

**EIA:** Measúnacht Tionchair Timpeallachta

**EMRA:** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

**EMT:** Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

**EPA:** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**EUIPR:** An tAonad Rialacháin Pleanála AE agus Idirnáisiúnta

**FOI:** Saoráil Faisnéise

**FRC:** An Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais

**GIS:** Córas Faisnéise Geografaí

**ICSG:** An Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh

**ICT:** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**IPI:** Institiúid Pleanála na hÉireann

**KPI:** Príomhtháscaire Feidhmíochta

**LAP:** Plean Ceantair Áitiúil

**LASNTG:** Grúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil

**LDA:** An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

**LGMA:** Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

**NGO:** Eagraíocht neamhrialtasach

**NPF:** An Creat Náisiúnta Pleanála

**NPKG:** An Grúpa Eolais um Pleanáil Náisiúnta

**NTA:** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NWRA:** Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

[5] Tabhair do d'aire: Déantar foráil i gCuid 17, Alt 495(3) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 go bhforléireofar tagairtí a dhéanfar don Bhord Pleanála in aon achtú, imeachtaí dlí nó doiciméad, ar thosach feidhme na coda seo agus dá éis, mar thagairtí don Choimisiún Pleanála.

**OGCIO:** Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

**OPR:** Oifig an Rialaitheora Pleanála

**OPW:** Oifig na nOibreacha Poiblí

**PEF:** Fóram Meastóireachta Pleananna

**PN:** Nóta Cleachtais

**PSTG:** Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála

**RSES:** An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

**RSR:** Tuarascáil Sraithe Taighde

**RTPI:** Royal Town Planning Institute

**MST:** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

**SEAI:** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

**SECAD:** Forbairt Cheantar Dheisceart agus Oirthear Chorcaí

**SRA:** Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**TEACH:** Comhbhabhtálacha i Meastóireacht agus Measúnú ar Fhorbairtí Dlúth-Thithíochta

**An tAcht:** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

**Acht 2000:** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

**An tAcht Aeráide:** An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015

**Binse Mahon:** Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí

**An tAire:** An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**BIÉ:** Bonneagar Iompair Éireann

**URDF:** An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí




Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**

Teach na Páirce,
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7,
D07 EWV4

www.opr.ie | info@opr.ie | 01 854 6700